


Na Scéalta

I

Seanscéalta



Bealach an Mháma

1 Seán ar Leaslúí

Cha raibh aon duine aige ach é féin is a mháthair. Bhí díobháil mhór orthu. Dúirt Seán lena mháthair go rachadh sé ar shiúl a chuartú a fhortúin. Thosaigh sise a chaoineadh. Dúirt sí go bhfuigheadh sí bás le huaigneas agus le díobháil dá n-imeochadh seisean.

D'fhan sé an lá sin. Fuair sé ar shiúl lá arna mhárach. Cha dteachaigh sé an-fhada ar shiúl nuair a chas sé do tharbh.

'Cá bhfuil tú ag dul inniu a Sheáin?' arsa an tarbh.

'Tá mé ag dul a chuartaigh m'fhortúin,' arsa Seán.

'Rachaidh mé leat,' arsa an tarbh.

'Maise, cha dtéid,' arsa Seán.

'Maise, rachaidh,' arsa an tarbh.

'Bhuel, siúil leat má tá an mhian ort,' arsa Seán.

Cha dteachaigh siad an-fhada ansin nuair a chas siad do reithe mór.

'Cá bhfuil tú ag dul inniu, a Sheáin?' arsa an reithe.

'Tá mé ag dul a chuartaigh m'fhortúin,' arsa Seán.

'Rachaidh mé leat,' arsa an reithe.

'Maise, cha dtéid,' arsa Seán.

'Maise, rachaidh,' arsa an reithe.

'Bhuel, siúil leat má tá an mhian ort,' arsa Seán.

Cha dteachaigh siad an-fhada ansin nuair a chas siad do ghandal mór.

'Cá bhfuil tú ag dul inniu?' arsa an gandal le Seán.

'Tá mé ag dul a chuartaigh m'fhortúin,' arsa Seán.

'Rachaidh mé leat,' arsa an gandal.

'Maise, cha dtéid,' arsa Seán.

'Maise, rachaidh,' arsa an gandal.

'Bhuel, siúil leat, má tá an mhian ort,' arsa Seán.

Shiúil siad leofa ansin agus chas siad do choileach.

'Cá bhfuil tú ag dul inniu?' arsa an coileach.

'Tá mé ag dul a chuartaigh m'fhortúin,' arsa Seán.

'Rachaidh mé leat,' arsa an coileach.

'Maise, cha dtéid,' arsa Seán.

'Maise, rachaidh,' arsa an coileach.

'Bhuel, siúil leat má tá an mhian ort,' arsa Seán.

Shiúil siad leofa ansin píosa eile. Chas siad do chat.

'Cá bhfuil tú ag dul inniu?' arsa an cat.

'Tá mé ag dul a chuartaigh m'fhortúin,' arsa Seán.

'Rachaidh mé leat,' arsa an cat.

'Maise, cha dtéid,' arsa Seán.

'Maise, rachaidh,' arsa an cat.

'Bhuel, siúil leat má tá an mhian ort,' arsa Seán.

Dúirt Seán go raibh go leor broclach den chineál comrádaí a bhí leis. Chuaigh Seán ar shiúl den bhealach mhór. Chuaigh sé isteach fríd an choillidh. Dúirt Seán go bhfaca sé solas, go rachadh sé suas go bhfeicfeadh sé cad é a bhí ann. Dúirt an cat nach rachadh, go rachadh seisean suas. Chuirfeadh sé isteach a shúil. Nuair a chuaigh sé ionsar an doras d'amharc sé isteach. Chonaic sé na trí gadaíonnaí ag cuntas a gcuid óir – lán an tábla de ór acu dona chuntas. Tháinig an cat ar ais. D'inis sé dófa cad é chonaic sé.

'Fan,' arsa an tarbh. 'Cuirfidh mise as sin iad.'

Chuaigh an tarbh suas. Chuir sé a dhá adharc fríd an chomhlaidh agus thóg sé an chomhlaidh leis. Chuir sé ar mhullach cheann an triúr gadaí é. Léim siad amach. Chuaigh siad uilig isteach ann.

Bhí pota prátaí bruite ag an tinidh agus pota feola. Bhí go leor bídh fá choinne gach aon bheathach. Chuaigh Seán a luí ar leabaidh na ngadaíonnaí. Bhí an tarbh amuigh ar an tsráid. Bhí an reithe amuigh i dtaoibh an tí, an gandal ina luí i gcúl an dorais. Bhí an coileach ina luí ar mhullach an tí taobh amuigh is bhí an cat ina luí aige teallach na tineadh. Tháinig duine de na gadaíonnaí isteach go bhfeicfeadh sé an raibh siad ar shiúl. Bhí an tigh dorcha. Tháinig sé aníos ionsar an tinidh ag dul a chur suas solais. Thóg an cat cé bith aibhleoga a bhí sa tinidh isteach san aghaidh air. Bhí sé ar shiúl amach. Nuair a chuaigh sé síos an t-urlár léim an reithe air. Nuair a chuaigh sé ar shiúl ón reithe léim an gandal air. Nuair a fuair sé réitiste den gandal chuaigh sé amach ar an tsráid. Nuair a chuaigh sé amach ar an tsráid chas an tarbh dó. Chuir sé a dhá adharc faoi. Chaith sé thaire leis an bhalla é.

Nuair a d'éirigh siad lá arna mhárach d'iarr an tarbh ar Sheán a bheairtín a thabhairt leis den ór. Chuir siad oiread óir sa bhaga is a bhíodh sé ábalta a ghiúlán. D'iarr Seán orthu ansin iad a theacht leis-sean arís. Dúirt an tarbh nach rachadh, go bhfanóchadh siadsan san áitidh a raibh siad agus eisean siúl leis chun an bhaile. Shiúil Seán leis chun an bhaile. Nuair a tháinig sé chun an bhaile bhí a lúcháir mhór ar a mháthair go dtáinig sé. Chaith sé an бага i lár an urláir agus shuigh sé a dhéanamh a scíste. D'fholmhaigh sé amach an бага ar an urlár. Bhí a mháthair éagsúil sásta nuair a chonaic sí an t-ór. Bhí ceithre tithe ar an bhaile. Bhí díobháil mhór orthu uilig. Thug Seán lán a dhá láimh den ór leis. Thug a gcuid féin do gach aon duine de na ceithre tithe. Bhí Seán is a mháthair ina gcónaí go pléisiúrtha ina dhiaidh sin.

2 Rí na bhFrancaigh in Éirinn

Bhí na Francaigh ag teacht go hÉirinn. Thug na Sasanaigh amach a gcuid loingis roimhe leofa agus dá dtabharfadh siad isteach Rí na bhFrancaigh isteach go Sasana ionsorthu dhéanfadh siad saibhir iad go bráth. Chuaigh siad amach ar a gcuid loingis. Bhí siad amuigh i bhfad. Amuigh ó Oileán Thoráí chas siad do long na bhFrancaigh. Rinne siad príosúnaigh díofa. Thug siad Rí na bhFrancaigh isteach ar an loing. Thug siad suas i gcúl Chnoc na nDamh iad. Nuair a chuaigh siad suas i gcúl Chnoc na nDamh bhain siad an ceann de Rí na bhFrancaigh. Chuir siad isteach i mbosca é. Chaith siad an corp amach insa loch. Char *shinkáil* an corp ar chos ar bith nuair a bhí an ceann de. D'éirigh fear thuas anseo as barr na Tulcha. Chuaigh sé síos a chuartú leathaigh. Fuair sé corp an Rí istigh ar mharc an tseol mara. D'imigh sé suas chun an bhaile. Thug sé amach braillín. Bhain siad uaigh aige bun creige agus chuir siad san uaigh é.

Bhí an fear seo a fuair é, bhí sé ag dóghadh ceilpe. Nuair a d'éirigh sé mall san oíche chuaigh an buachaill chun an bhaile agus d'fhág sé an t-athair ag dóghadh na ceilpe. Nuair a bhí sé ar shiúl chun an bhaile bhí an t-athair ag cur leathaigh ar an fhaiche. Thóg sé a shúil agus d'amharc sé agus chonaic sé Rí na bhFrancaigh aige ceann na faiche ag cur leathaigh ar an fhaiche. D'aithin sé é agus cha raibh an ceann ar an Rí ar chos ar bith. D'aithin sé a chuid éadaí agus bhí an ceann de. Rith sé ar shiúl chun an bhaile chomh láidir is a thiocfadh leis reachtáil. Nuair a chuaigh sé síos ar maidin bhí an leathach uilig dóite is an fhaiche cóiriste níos fearr ná a thiocfadh leis é féin a dhéanamh. Is cuma cad é an t-am a rachadh sé amach i ndiaidh na hoíche thiocfadh an fear seo gan ceann ag cuidiú leis. Stad an fear seo de dhul chun na tráighe in éis na hoíche.

Tháinig an corp isteach ag na Húcacha.

3 Gorthaí na Luaithe

Bhí rí ann am amháin is pósadh é. Bhí iníon amháin aige. Fuair a bhean bás. Phós sé arís. Bhí dís iníonach aige leis an dara bean. Nuair a d'éirigh na cailíní mór cha ligfeadh a leasmháthair don iníon is sine di a chorrú ón tinidh. Ghair sí 'Gorthaí na Luaithe' di. Bhí rí mór ann. Chuir sé amach cruinniú chuig na cailíní uilig go dtoghfaidh sé bean as an chruinniú. Chuir leasmháthair Ghorthaí ar shiúl a dís iníonach ionsar an chruinniú. Nuair a chuaigh siad uilig ar shiúl tháinig máthair bhaiste na síogaíonnaí isteach ionsar Ghorthaí. D'iarr sí uirthi theacht amach. Chóirigh sí í mar bheadh banríon ann. Dúirt sí go raibh sí ag dul dona cur ionsar an chruinniú. Rith luchóg bheag amach aigena cuid cosadh. Bhuail an síogaí slat na draíocht uirthi. Rinne sí capall mór di. Tháinig ceann eile amach. Bhuail sí an tslat air. Rinne sí capall mór den cheann seo fosta. Tháinig an tríú ceann amach. Bhuail sí an tslat air. Rinne sí cóiste mór di. Tháinig an ceathrú ceann amach. Bhuail sí an tslat air. Rinne sí fear di. Chuir sí Gorthaí isteach sa charr. D'iarr sí uirthi bhith siúrálte gan fanacht ag an chruinniú go mbuailfeadh sé an dá bhuille déag for dá bhfanóchadh go mbeadh sí mar bhí sí aigena teallach tineadh féin.

Chuaigh sí ar shiúl. Nuair a chuaigh sí isteach d'éirigh an rí, fuair sé greim láimhe uirthi. Thug sé cathaoir díthi le suí uirthi. Nuair a shuigh sí ar an chathaoir char lig sé air go raibh aon duine eile istigh nuair nach raibh sé ach ag caint léithise. Bhí sí i gcónaí ag coimhead an chloig. Nuair a bhuail sé aon bhuille déag léim sí amach. Lean sé í. Cha dtiocfadh leis greim a fháilt uirthi. Chuaigh sé ar shiúl chun an bhaile. Nuair a tháinig a cuid leathdheirfreacha chun an bhaile d'fhiafraigh an mháthair díofa ar bhfuair sé aon bhean. Dúirt siadsan nach bhfuair.

'Nuair a bhí siadsan uilig cruinn tháinig cailín isteach. Char lig sé air go raibh aon duine eile ann, nó nach raibh nuair a tháinig sise isteach.'

D'iarr an rí orthu theacht ar ais an oíche arna mhárach. Chruinnigh siad uilig. Nuair a bhí siad uilig ar shiúl tháinig máthair bhaiste na síogaíonnaí. D'iarr sí ar Ghorthaí theacht amach. Dúirt sí go raibh sí ag dul dona cur ionsar an chruinniú anocht. Chóirigh sí í mar bheadh banríon ann. Tháinig luchóg bheag amach aigena cuid cosadh. Bhuaill sí an tslat uirthi. Rinne sí capall di. Tháinig ceann eile amach. Bhuaill sí an tslat air. Rinne sí capall mór den cheann seo fosta. Tháinig an tríú ceann amach. Bhuaill sí an tslat air. Rinne sí cóiste mór di. Tháinig an ceathrú ceann amach. Bhuaill sí an tslat air. Rinne sí fear di. Chuir sí Gorthaí isteach sa chóiste. D'iarr sí uirthi bhith siúrálte gan fanacht go mbuailfeadh sé an dá bhuille dhéag, for dá bhfanóchadh go mbeadh sí mar bhí sí aigena teallach tineadh féin.

Nuair a chuaigh sí isteach ionsar an chruinniú rith an rí roimhe léithi. Fuair sé greim dhá láimh uirthi. Thug sé suas í agus d'fhág sé í ina suí aigena thaoibh féin. Bhí sise i gcónaí ag coimhead an chloig. Bhuaill aon bhuille dhéag. Cha dtiocfadh léithi theacht ar shiúl. Bhuaill sé an chéad stróc den dá bhuille dhéag. Rith sí amach. Rith sé ina diaidh le greim a fháilt uirthi. Chaill sí a bróg nuair a bhí sí ag dul síos an t-urlár. Thóg an rí an bhróg. D'iarr sé ar a chuid fir theacht lá arna mhárach. Chuir sé iad amach leis an bhróg go bhfeicfeadh siad cad é an cailín a bhfreagróchadh an bhróg lena cois agus í a thabhairt ionsairsan.

Chuir siad an bhróg ar gach aon chailín dá raibh sa bhaile. Cha fhreagróchadh an bhróg do chailín ar bith dá raibh sa bhaile. Nuair a tháinig siad isteach insa tigh seo bhí na cailíní ag féacháilt leis na bróga a thabhairt orthu. Cha raibh siad ábalta. Bhí Gorthaí ina suí insa choirnéal. D'iarr siad ar Ghorthaí éirí is an bhróg a chur uirthi. Thosaigh an leasmháthair a sccamhladóireacht ar an fhear a bhí ag dul a chur na bróige ar Ghorthaí. Dúirt sé gur seo an rud a d'iarr an rí airsán a dhéanamh agus chaithfeadh sé é a dhéanamh. D'éirigh Gorthaí leis an bhróg a chur uirthi. An mhóimint a chuir sí amach a cos léim an bhróg ar a cois. Tugadh Gorthaí ar shiúl ionsar an rí.

Dúirt siad gur seo an t-ordú a thug an rí, cibé cailín a bhfreagróchadh an bhróg díthi í a thabhairt ionsairsan.

Bhí bainis mhór ag an rí nuair a pósadh iad. Bhí mise ag an bhainis. Fuair mé stocaí páipéir agus bróga bainne ramhair agus ligh na cait na bróga díom.

4 'Rí Donnabháin' agus a Chat

Bhí buachaill ann am amháin. Bhí nóisean mór aige d'iníon rí. Cha phósfadh sí fear ar bith ach fear a mbeadh cúig caisleáin aige. Cha ghlacfaidh sí é nuair nach raibh na cúig caisleáin aige. Chuaigh sé suas na cnoic ionsar an bhean sí. D'fhiafraigh sé di an dtiocfadh léithi plean ar bith a thabhairt dó. Dúirt sí go dtiocfadh. Dúirt sí go raibh an cailín ag teacht thart a dh'amharc ar na caisleáin na laetha sin. Thug sí cat beag dó. Cheangail sí bogha dearg ar mhuineál an chait. D'iarr sí air nuair a thiocfadh an cailín chun an tí ionsair an cat a fhágáil taobh amuigh den doras.

Nuair a chuaigh siad uilig ar shiúl ansin sa chóiste a dh'amharc ar na caisleáin, an chéad chaisleán a dteachaigh siad ionsair bhí an cat beag ina shuí ar leac an dorais.

'Cé leis an caisleán seo?' arsa sise.

'Ó,' arsa an cat beag, 'sin caisleán Rí Donnabháin.'

'Tá sé éagsúil deas,' arsa sise.

Shiúil siad leo go dtáinig siad ionsar an dara caisleán. Bhí an cat beag ina shuí ar leac an dorais.

D'fhiafraigh sise, 'Cé leis an caisleán seo?'

'Ó,' arsa an cat beag, 'sin caisleán Rí Donnabháin.'

'Tá sé éagsúil deas,' arsa sise.

Shiúil siad leo go dtáinig siad ionsar an tríú caisleán. Bhí an cat beag ina shuí ar leac an dorais.

D'fhiafraigh sise, 'Cé leis an caisleán seo?'

'Ó,' arsa an cat beag, 'sin caisleán Rí Donnabháin.'

'Tá sé éagsúil deas,' arsa sise.

Mar sin bhí triúr acu thaire léithi. Nuair a tháinig siad ionsar an cheathrú ceann bhí an cat beag ina shuí ar leac an dorais.

D'fhiafraigh sise, 'Cé leis an caisleán seo?'

'Ó,' arsa an cat beag, 'sin caisleán Rí Donnabháin.'

'Tá sé éagsúil deas,' arsa sise.

Shiúil siad leofa go dtáinig siad ionsar an chúigiú ceann.

Bhí an cat beag ina shuí ar leac an dorais.

D'fhiafraigh sise, 'Cé leis an caisleán seo?'

'Ó,' arsa an cat beag, 'sin caisleán Rí Donnabháin.'

'Tá sé éagsúil deas,' arsa sise.

Phós sí é ansin nuair a bhí na cúig caisleáin aige. Thug sí chun an bhaile é. Nuair a thug sí chun an bhaile é, nuair a bhí sé seachtain insa chaisleán sin chaithfeadh sí a dhul amach ionsar na ceithre caisleáin eile.

'Ó,' arsa seisean, 'níl aon chaisleáin agamsa ach an caisleán seo.'

'Cad é thug ort na caisleáin seo a thaispeánadh domhsa agus a rá gur leat féin iad?'

'Char labhair aon duine cé leis iad,' ar seisean, 'ach an cat a d'inis duit cé leis iad.'

Chuaigh sí ar shiúl ag dul dona fhágáilt. Nuair a chuaigh sí amach thaire leis an doras chas an cat beag díthi. Thosaigh sé a thabhairt comhairleach uirthi fanacht san áitidh a raibh sí.

Thosaigh an cat a thabhairt comhairleach uirthi. Thiontaigh sí isteach chun an tí agus d'fhan sí aige ina dhiaidh sin.

5 Buidéal ag Déanamh a Chuid Oibre

Sa tseanaimsir nuair a bhí díobháil ar an tír bhí fear agus bean, bhí díobháil mhór orthu. Bhí bó acu. Dúirt an fear go ndíoladh sé an bhó, go bhfuigheadh sé sórt íteacht le ceannacht a choinneochadh beo iad. Chuaigh an fear ar shiúl leis an bhó. Chuaigh sé amach thaire le mullach cnoic. Nuair a bhí sé ar mhullach an chnoic chas fear beag rua air. D'fhiafraigh sé an ndíolfadh sé an bhó. Dúirt sé go ndíolfadh.

'Bhéarfaidh mé an buidéal sin duit ar an bhó.'

'Cad é an mhaith a dhéanfaidh sin domhsa?' arsa an fear. 'Tá airgead a dheachair orm. Tá díobháil orm.'

'Tabhair leat an buidéal. Nuair a rachas tú chun an bhaile iarr ar do bhean éadach boird a chur ar an tábla agus fág an buidéal ina shuí ar an tábla. Iarr ar an bhuidéal a chuid oibre a dhéanamh.'

Thosaigh an biadh is an deoch is an t-airgead a theacht amach as an bhuidéal. Nuair a bhí a sáith ite agus ólta acu chuaigh gach aon sórt isteach sa bhuidéal.

Thosaigh an fear a dh'inseadh fán bhuidéal. D'fhiafraigh an tiarna dúiche a bhí sa bhaile den fhear an dtabharfaidh sé an buidéal dó. Bhéarfadh sé a chuid talaimh dó gan cíos gan gearrtha. Dúirt an fear go dtabharfaidh sé an buidéal don tiarna dúiche. Thug sé dó é. Cha raibh sé an-fhada go raibh níos mó díobhála air agus bhí níos mó díobhála air ná mar a bhí riamh air.

Bhí bó eile aige. D'imigh sé chun an mhargaidh le í a dhíol. Chuaigh sé amach thaire le mullach an chnoic.

'An bhfuil tú ag dul a dhíol na bó seo inniu?'

'Tá,' arsa an fear.

'Bhéarfaidh mé buidéal eile duit ar son na bó sin.'

Shíl seisean go raibh an buidéal sin cosúil leis an chéad bhuidéal

a fuair sé. Nuair a tháinig sé chun an bhaile d'iarr sé ar a bhean éadach boird a chur ar an tábla. D'fhág sé an buidéal ina shuí ar an tábla. D'iarr sé ar an bhuidéal a chuid oibre a dhéanamh. Le sin léim dhá fhear is dhá bhata amach as an bhuidéal. Thosaigh an bheirt ar an fhear agus ar an bhean agus is maith nachar mharbh siad iad. Chuaigh siad isteach sa bhuidéal arís. D'imigh an fear lá arna mhárach ionsar an tiarna dúiche a dh'iarraidh an bhuidéil a thug sé dó agus cha dtabharfadh an tiarna dúiche suas é.

Dúirt sé go dtabharfadh sé an buidéal seo dó anois agus cha ghlacfadh an tiarna dúiche é. D'fhág sé an buidéal ina shuí ar an tábla. D'iarr sé ar an bhuidéal a chuid oibre a dhéanamh. Léim an dá fhear amach as an bhuidéal, dhá bhata leofa. Thosaigh siad ar an tiarna dúiche. Is maith nachar mharbh siad é. D'iarr an tiarna dúiche ar an fhear iad a stopadh agus go dtabharfadh sé an chéad bhuidéal dó ar ais.

Fuair sé an chéad bhuidéal ar ais is bhí a sháith aige ón tsaol mhór ansin.

6 Scéal an Phléiseam

Bhí rí ann agus bhí dhá bhuachaill seirbhíse aige. Bhí a mbeirt i ngrá le cailín amháin, Mícheál agus Tomás. B'fhearr léithise Mícheál ná Tomás. Cha raibh Mícheál réidh le pósadh. Bhí Tomás réidh le pósadh lá ar bith. Cha raibh dá bhfanóchadh sí rófhada. Phós sí Tomás. Cha raibh sí rófhada pósta nuair a d'éirigh sí corthaí de. Thosaigh sise agus Mícheál a dhéanamh *plot* go dtabharfadh siad ar an rí obair ínteacht a chur roimhe leis nach mbeadh sé ábalta a dhéanamh.

Chuaigh sí lena dhinnéar an lá seo. Nuair a bhí sé fríd lena dhinnéar chuaigh sise go caisleán an rí. Chuaigh sí a dh'amharc thart ar an chaisleán. Tháinig an rí amach.

'Nach bhfuil caisleán deas agamsa?' arsa seisean.

'Tá,' arsa sise, 'ach rud amháin atá a dheachair ort.'

'Cad é sin?' arsa an rí.

'An garraí sin a phlandáil de chrainn is gach aon chrann níos airde ná mullach an chaisleáin, é chomh dúnta nach dtiocfadh leis na héanacha a gcuid eiteog a thabhairt fríofa.'

'Cad é an dóigh a ndéanainn sin?'

'Má labhrann tú le m'fhear Tomás dhéanfaidh sé é. Ach má labhrann tú leis bí siúrailte agus abair go gcuirfidh tú a cheann aire spíce roimhe luí na gréine san oíche amárach.'

'Féachfaidh mé leis,' arsa seisean.

Shiúil sise chun an bhaile. Rinne sí trí bhonnóg aráin.

Nuair a bhí Tomás ag teacht chun an bhaile óna chuid oibre scairt an rí aníos air.

'Cad é seo tá cearr ort anois?' arsa Tomás leis an rí.

'Amach ó go ndéanaidh tú sin domhsa roimhe luí na gréine san oíche amárach cuirfidh mise do cheann aire spíce.'

'Cha dtiocfadh le fear ar bith sin a dhéanamh,' arsa Tomás.

Shiúil Tomás leis. Chuaigh sé chun an bhaile. Nuair a chuaigh sé isteach chun an tí bhí a bhean i lár na seoltaí fríd an tigh.

'Suigh isteach aige do shuipéar!'

'Níl mórán *bother* orm fá shuipéar anocht.'

'Cad é tá cearr ort?' arsa sise.

'Ó, tá an rí ag tabhairt orm obair a dhéanamh nach dtiocfadh le fear ar bith a dhéanamh.'

'Cad é sin?' arsa sise.

'An garraí a phlandáil de chrainn is gach aon chrann níos airde ná mullach an chaisleáin, é chomh dúnta nach dtiocfadh leis na héanacha a gcuid eiteog a thabhairt fríofa. Nach bhfuil fhios agat nach dtiocfadh le fear ar bith sin a dhéanamh. Amach ó go mbeidh sé déanta roimhe luí na gréine san oíche amárach cuirfidh sé mo cheann aire spíce.'

'Suigh isteach,' arsa sise, 'agus glac do shuipéar. Tá trí bonnógaí aráin anseo agamsa agus tabhair leat iad, agus gabh ar

shiúl suas fríd na cnoic agus ná tar ar ais agus cha mhothaíonn sé thú.'

D'éirigh Tomás. Thug sé an t-arán leis. D'imigh sé suas fríd na cnoic. Aire dhá bhuille dhéag san oíche tháinig sé ar chreig mhór. Shuigh sé ag an fhoscadh. Chuaigh sé a dh'ithe píosa den arán. Tháinig fear beag rua aníos ionsair. D'fhiafraigh sé de Thomás an dtabharfadh sé píosa beag aráin dó. D'iarr sé air theacht agus suí agus a sháith de a ithe.

Nuair a bhí siad fríd leis an arán d'fhiafraigh sé de Thomás cad é bhí cearr air nuair a bhí sé amuigh fán am seo de oíche. Thosaigh sé a dh'innseadh dó.

'Ná bíodh eagla ort,' arsa an fear beag rua. 'Gheobhaidh tú thaire leis uilig go sea.'

Thug sé bata dó. D'iarr sé air a dhul chun an bhaile is a dhul a luí, scíste a ghlacadh dó féin agus nuair a d'éireochadh sé lá arna mhárach a dhul suas ionsar an rí agus fiafraí de cá raibh siad a dhcachair air ag fás, agus gach aon áit a thaispeánadh sé dó an bata a bhualadh air.

Nuair a chuaigh siad suas go ceann an gharraí bhí na crainn níos airde ná mullach an chaisleáin iad chomh dúnta nach dtiocfadh leis na héanacha a gcuid cíteog a thabhairt fríofa.

Arsa an rí le Tomás, 'Fear as cuimse atá ionat. Tar isteach go dtuga mé do thuarastal duit.'

Thug sé fiche punt dó.

Chuaigh Tomás ar shiúl chun an bhaile. Nuair a chuaigh sé chun an bhaile d'fhiafraigh an bhean dó an dtearn sé a chuid oibre. Dúirt sé go raibh sé ag féacháil leis.

'Sin fiche punt a thug sé domh.'

'Is maith an tuarastal lae sin ar obair cúpla uair,' arsa sise. Chuaigh Tomás a luí. D'éirigh sé lá arna mhárach. Chuaigh sé suas ionsar a chuid oibre. Chuaigh sise suas lena dhinnéar. Nuair a bhí sé fríd lena dhinnéar chuaigh sise suas ionsar chaisleán an rí. Thosaigh sí a dh'amharc thart ar an chaisleán. Tháinig an rí amach.

'Nach bhfuil caisleán deas agam anois?' arsa an rí.

'Tá,' arsa sise, 'ach rud amháin atá a dheachair ort.'

'Cad é sin?' arsa an rí.

'Loch ar mhullach do chaisleáin is an t-iasc ag snámh thart fríd.'

'Cad é an dóigh a ndéanainn sin?' arsa an rí.

'An bhfuil fhios agatsa má labhrann tú le m'fhear, Tomás, dhéanaidh sé sin. Ach má labhrann tú leis fá dtaobh de abair go gcuirfidh tú a cheann aire spíce amach ó go mbeidh sé déanta roimhe luí na gréine san oíche amárach.'

Nuair a bhí Tomás ag teacht chun an bhaile óna chuid oibre scairt an rí aníos air.

'Cad é seo atá cearr anois?' arsa Tomás.

'Traidhfil oibre atá le déanamh.'

'Cad é sin?' arsa Tomás.

'Loch a chur ar mhullach mo thí is an t-iasc ag snámh thart fríd. Amach ó go mbeidh sé déanta roimhe luí na gréine san oíche amárach cuirfidh mé do cheann ar spíce.'

'Cha dtiocfadh le fear ar bith sin a dhéanamh,' arsa Tomás.

Chuaigh Tomás chun an bhaile. Bhí an suipéar réidh ag an bhean. D'iarr sí air suí isteach agus a shuipéar a ghlacadh. Dúirt Tomás nach raibh mórán *bother* suipéir air anocht.

'Cad é tá cearr ort?' arsa sise.

'Ó,' arsa seiscan, 'tá an rí ag dul a thabhairt mo bháis-sa ar dhóigh ínteacht. Caithfidh sé loch a fháilt ar mhullach a chaisleáin is an t-iasc ag snámh thart fríd.'

'Glac thusa do shuipéar,' arsa sise. 'Tá dhá bhonnóg aráin anseo agamsa agus tabhair leat iad. Téigh suas sna cnoic agus siúil leat agus ná tar chun an bhaile.'

Agus shiúil sé leis. Aire dhá bhuille dhéag san oíche shuigh sé ag an chreig mhór. Chuaigh sé a dh'ithe píosa aráin. Tháinig an fear beag rua aníos ionsair.

'Ó, a Thomáis, an dtabhraidh tú píosa beag de do chuid aráin domh?'

'Bhéarfaidh, do sháith. Suigh agus ith do sháith de.'

Nuair a bhí siad fríd leis an arán d'fhiafraigh an fear beag rua

de cad é bhí cearr air nuair a bhí sé amuigh an t-am seo de oíche. Dúirt sé go raibh an rí ag dul a bhaint an chinn de amach ó go gcuirfeadh sé loch ar mhullach a chaisleáin.

'Tá an rí ag dul a thabhairt mo bháis ar dhóigh ínteacht.

'Níl a dhath amháin ag an rí le déanamh le sin. Is iad do bhean agus do chomrádaí atá dona dhéanamh sin uilig ort. Gheobhaidh tú fríd leis uilig go sea.'

Thug an fear beag rua cloch bheag dó. D'iarr sé air a dhul chun an bhaile is a dhul a luí is a scíste a ghlacadh; nuair a d'éireochadh sé lá arna mhárach a dhul suas ionsar an rí agus fiafraí dó cá raibh an loch a dheachair air; nuair a thaispeánfadh sé dó cá raibh an loch a dheachair air é an chloch bheag seo a chaitheamh isteach ann.

Nuair a chaith sé isteach an chloch bhí an loch ar mhullach an chaisleáin is an t-iasc ar snámh thart fríd.

Arsa an rí le Tomás, 'Is fear iontach atá ionat. Tar isteach go dtuga mé do thuarastal duit.'

Chuaigh sé isteach is thug sé fiche punt dó. Tháinig Tomás chun an bhaile. D'fhiafraigh an bhean de an dtearn sé a chuid oibre.

'Bhí mé ag féacháil leis. Sin fiche punt a thug sé domh.'

'Is maith an tuarastal lae sin,' arsa sise.

Chuaigh Tomás a luí. D'éirigh sé lá arna mhárach. Chuaigh sé suas ionsar a chuid oibre. Chuaigh sise suas lena dhinnéar. Nuair a bhí sé fríd lena dhinnéar chuaigh sise suas go caisleán an rí. Thosaigh sí a dh'amharc thart ar an chaisleán.

'Nach bhfuil caisleán deas agam anois?' arsa an rí, arsa seiscan.

'Tá,' arsa sise, 'ach rud amháin atá a dheachair ort.'

'Cad é sin?' arsa an rí.

'Abhainn a thabhairt aníos ó bhéal na toinne go dtí do dhoras, í a bhith fairsing go leor, báid ag snámh aníos agus síos fríd, nuair a bhíos tú féin agus do bhean agus d'iníon ag dul suas do mur níochán tiocfaidh libh dhul isteach sa bhád agus snámh aníos agus síos an abhainn.'

'Cad é an dóigh a ndéanfaidh mé sin? Tá sé dhá mhíle ó mo thighsa go dtí an fharraige.'

'Arú,' arsa sise, 'an sin a bhfuil fhios agatsa, má labhrann tusa le m'fhear, Tomás, cha bhíonn sé i bhfad dona dhéanamh. Ach má labhrann tú leis abair, amach ó go mbíonn sé déanta aige roimhe luí na gréine san oíche amárach, "Cuirfidh mé do cheann aire spíce".'

Chuaigh sise ar shiúl chun an bhaile. Nuair a bhí Tomás ag teacht chun an bhaile óna chuid oibre scairt an rí aníos air.

'Cad é sin atá cearr ort?' dúirt Tomás leis an rí.

'Traidhfil oibre atá le déanamh.'

'Cad é sin?' arsa Tomás.

'Abhainn a thabhairt aníos ó bhéal na toinne go dtí mo dhoras, í a bhith fairsing go leor, báid ag snámh aníos agus síos fríd, nuair a bhíos mé féin agus mo bhean agus m'iníon ag dul suas donar níochán tiocfaidh linn dhul isteach sa bhád agus snámh aníos agus síos an abhainn.'

Chuaigh Tomás ar shiúl chun an bhaile. Nuair a chuaigh sé chun an bhaile d'iarr a bhean air suí isteach agus a shuipéar a ghlacadh.

'Níl mórán *bother* orm fá shuipéar anocht.'

'Cad chuige?' arsa sise.

'Tá an rí ag dul a thabhairt orm obair a dhéanamh nach dtiocfadh le fear ar bith a dhéanamh.'

'Cad é tá cearr air anois?' arsa sise.

'Abhainn a dheachair air ón fharraige go dtína dhoras, fairsing go leor, báid ag snámh aníos agus síos fríd, nuair a bhíos sé féin agus a bhean ag dul suas dona níochán tiocfaidh leo dhul isteach sa bhád agus snámh aníos agus síos an abhainn.'

D'iarr sí air ansin é a shuipéar a ghlacadh.

'Tá bonnóg amháin aráin agam ansco agus tabhair leat é.'

D'éirigh Tomás agus thug sé bonnóg aráin leis. D'iarr sise air a dhul ar shiúl leis agus gan theacht ar ais agus nach mothóchadh an rí é. Shiúil Tomás leis go dtí go dtéachaigh sé suas ar an chreig mhór. Shuigh sé a dhéanamh a scíste is a

dh'ithe píosa den arán. Tháinig an fear beag rua aníos ionsair.

'An dtabharfaidh tú píosa beag de do chuid aráin domh: tá ocras mór orm?'

'Bhéarfaidh,' arsa Tomás. 'Suigh agus ith do sháith de.'

Nuair a bhí an t-arán ite acu,

'Cad é atá cearr ort anois, a Thomáis?'

Dúirt sé go raibh abhainn a dheachair ar an rí ón fharraige go dtína dhoras, fairsing go leor, báid ag snámh aníos agus síos fríd, nuair a bhíos sé féin agus a bhean ag dul suas dona níochán tiocfaidh leo dhul isteach sa bhád agus snámh aníos agus síos an abhainn.

'Gheobhaidh tú fríd leis uilig. Sin bata duit agus tabhair leat é agus gabh chun an bhaile agus nuair a éireochas tú amárach téigh suas go tigh an rí agus fiafraigh de cad é an áitidh a bhfuil an abhainn a dheachair air. Nuair a rachaidh tú síos chun na tráighe siúil thusa in éis an rí agus tarraing an bata i do dhiaidh agus nuair a bheidh sé abhus ag an chaisleán beidh an abhainn aigena dhoras, fairsing go leor, báid ag snámh aníos agus síos fríd; nuair a bhíos sé féin agus a bhean ag dul suas dona níochán tiocfaidh leo dhul isteach sa bhád agus snámh aníos agus síos an abhainn.'

D'amharc an rí thart. Chonaic sé an abhainn aigena chuid cosadh.

'Fear iontach atá ionat, a Thomáis. Tar isteach go dtuga mé do thuarastal duit.'

Thug sé fiche punt dó.

Chuaigh Tomás chun an bhaile. Nuair a chuaigh sé chun an bhaile d'fhiafraigh an bhean dó an dtearn sé a chuid oibre. Dúirt sé go raibh sé ag féacháil leis.

'Sin fiche punt a thug sé domh.'

'Is maith an cnap airgid sin ar son obair lae,' arsa sise.

Chuaigh Tomás a luí. D'éirigh sé lá arna mhárach. Chuaigh sé suas ionsar a chuid oibre. Chuaigh sise suas lena dhinnéar.

Nuair a bhí sé fríd lena dhinnéar chuaigh sise suas go caisleán an rí. Thosaigh sí a dh'amharc thart ar an chaisleán. Tháinig an rí amach.

'Nach bhfuil caisleán deas agam anois?' arsa an rí.

'Tá,' arsa sise, 'ach rud amháin atá a dheachair ort.'

'Cad é sin?' arsa an rí.

'Pléiseam aige do dhoras agus beidh an caisleán is deise agat ar an tsaol.'

'Cad é an rud an pléiseam?' arsa an rí.

'Chan fhuil fhios agam,' arsa sise. 'Chan fhaca mise pléiseam riamh.'

'Chan fhaca mise pléiseam ach oiread. Cad é an dóigh a ndéanainn sin?' arsa seisean.

'An sin a bhfuil fhios agatsa?' arsa sise. 'Labhair le m'fhear Tomás. Ach má labhrann tú leis fá dtaobh de bhí siúráilte agus abair go gcuirfidh tú a cheann aire spíce amach ó go mbeidh pléiseam aige do dhoras roimhe luí na gréine san oíche amárach.'

Nuair a bhí Tomás ag teacht chun an bhaile óna chuid oibre scairt an rí aníos air.

'Cad é atá cearr anois?' arsa Tomás.

'Traidhfil oibre atá le déanamh.'

'Cad é sin?' arsa Tomás

'Pléiseam aige mo dhoras,' arsa seisean.

'Cad é an rud pléiseam?' arsa Tomás

'Chan fhuil fhios agam,' arsa an rí.

'Cad é an dóigh a ndéanainnse sin. Chan fhaca mise pléiseam riamh.'

'Bhuel, amach ó go mbeidh sé déanta roimhe luí na gréine san oíche amárach cuirfidh mé do cheann ar spíce.'

Shiúil Tomás leis.

'Cha dtiocfadh le fear ar bith sin a dhéanamh,' arsa Tomás. Chuaigh Tomás ar shiúl chun an bhaile. D'iarr a bhean air suí isteach agus a shuipéar a ghlacadh.

'Níl mórán *bother* orm fá shuipéar anocht.'

'Cad chuige?' arsa sise.

'Caithfidh mé pléiseam a dhéanamh aige doras an rí agus amach ó go mbeidh sé déanta roimhe luí gréine san oíche amárach cuirfidh sé mo cheann ar spíce.'

'Cad é an rud pléiseam?' arsa sise.

'Chan fhuil fhios ag an rí cad é an rud é agus chan fhuil fhios agamsa cad é an rud é.'

'Agus nach bhfuil fhios aige nach dtiocfadh le duine ar bith sin a dhéanamh?' arsa sise le Tomás. 'Agus níl a dhath aráin agam anocht. Cha raibh faill agam a dhul go tigh an tsiopa.'

Shiúil Tomás bocht leis suas chun an chnoic. Nuair a bhí sé thuas ag an chreig mhór shiúil sé thaire leis an chreig agus char shuigh sé cos ar bith.

Scairt an fear beag rua leis, 'A Thomáis, cá bhfuil tú ag dul?'

'Ó, níl a dhath aráin agam anocht,' arsa Tomás. 'Cha raibh a dhath déanta aici agus cha raibh faill aici dhul go tigh an tsiopa.'

'Bhí go leor aráin aici dá dtabharfadh sí duit é. Cad é seo tá cearr ort anocht, a Thomáis?' arsa an fear beag rua.

'Caithfidh mé pléiseam a dhéanamh aige doras an rí agus amach ó go mbeidh sé déanta agam san oíche amárach cuirfidh sé mo cheann ar spíce.'

'Ná bíodh eagal ort!' arsa an fear beag rua.

'Sin bata agat anois agus tá creig mhór os cionn do dhorais.'

'Tá,' arsa Tomás.

'Nuair a rachas tusa síos anois tarraing do sheanurchar den bhata seo ar an chreig agus chífidh tú cad é thiocfas amach.'

Tharraing Tomás buille den bhata ar an chreig agus léim gabhar mór amach as an chreig. Léim an gabhar in éadan an dorais. Bhris sé an doras ina phíosán i lár an urláir. Léim an bhean amach as a leabaidh. Fuair sí greim ar an ghabhar. Chuaigh sí i bhfostó ar an ghabhar. Léim Mícheál amach. Fuair Mícheál greim uirthise dona tarraingt ar shiúl. Chuaigh seisean i bhfostó ar an ghabhar. Bhí Tomás leofa fríd an tigh go raibh siad corthaí. Chuaigh Tomás isteach ansin. Chuir sé an bheirt amach agus an gabhar agus thiomáin sé suas go doras an rí é.

Scairt an bhean ar an rí a theacht amach agus ise a tharraingt ar shiúl ón ghabhar. Chuaigh sé a tharraingt an bhean ar shiúl. Chuaigh seisean i bhfostó ar an ghabhar. Tháinig bean an rí anuas ansin agus chuaigh sise i bhfostó ar an ghabhar. Bhí Tomás ina sheasamh ar an tsráid agus thiontaigh Tomás thart iad uilig go béal na habhna. Léim an gabhar isteach san abhainn. D'imigh an t-iomlán siar leis an tuile agus báitheadh iad síos insan fharraige. Bhí Tomás ina sheasamh ar an tsráid ar fad agus tháinig iníon an rí anuas staighre ionsair.

'Bhuel, a Thomáis, tá gach aon duine thart anseo báite ach mise is tusa. Pósfaidh muidinne anois. Pósadh Tomás agus iníon an rí. Bhí mise ag an bhainis. Fuair mé bróga páipéir agus stocaí bainne ramhair. Tá Tomás is iníon an rí go sólásach anois.

7 An Fáinne a bhí Slogtha ag Iasc

Bhí banríon ann am amháin agus bhí sí éagsúil saibhir. Cha dtabhradh sí a dhath do na bochtaí ar chos ar bith agus bhí díobháil mhór ar an tsaol. Bhí loingis aici gach aon phort. Tháinig an caiptín isteach an lá seo. Dúirt sé go raibh lucht don loing aige. D'iarr sí air a dhul ar shiúl agus an lucht is fearr a raibh ar an domhan a thabhairt. Dúirt sé go dtabharfadh. Bhí an díobháil mhór ar an tsaol. Shíl an caiptín gur lucht arbhair an lucht is fearr a thiocfadh leis a thabhairt leis. Nuair a tháinig sé ar ais bhí sí thíos ag an ché. D'fhiafraigh sí dó cad é an lucht a bhí leis. Dúirt sé go raibh lucht maith leis, go raibh oiread arbhair leis is a thiocfadh leis an loing a choinneacháilt. D'fhiafraigh sí de cad é thug air sin a thabhairt leis.

'Cad chuige?' arsa an caiptín, 'Cad é a bhéarfainn liom?'

'Lucht óir,' arsa sise. 'Gabh amach,' arsa sise, 'anois!'

'Folmhaigh an t-arbhar amuigh san fharraige.'

'Ná déan é sin,' arsa an caiptín, 'fora má ní tú sin gheobhaidh tú bás den díobháil.'

Bhí fáinne ar a méar. Bheir sí an fáinne dena méar. Chaith sí amach san fharraige é. Dúirt sí nuair a chífadh sí an fáinne sin ar ais go mbeadh sise ag feitheamh le díobháil. Thug sí ar an fhear an t-arbhar a chaitheamh amach san fharraige.

De réir mar bhí siad dona chaitheamh amach bhí sé ag fás insan fharraige. Bhí na bádaí amuigh ag iascaireacht. Lá arna mhárach bhí na fir amuigh ag díol éisc. Chuaigh fear de na cócairí amach. Cheannaigh sé dhá bheathach éisc. Nuair a bhí siad ag glanadh an éisc cad é fuair sé ach fáinne istigh i ngoile an éisc. Nigh sé é. Thug sé an fáinne díthi. Char labhair sí aon fhocal ar chos ar bith. D'éirigh an ghaoth mhór, an toirneach is splancacha. Briseadh a cuid loingis uilig, leagadh a cuid tithe. An banc a raibh a cuid airgid ann, chuaigh sé ar thinidh le splancacha. Bhí sí amuigh roimh aon mhí amháin ag cuartú greim bídh. Cha dtabharfadh siad díthi é. Trí mhí ón am sin fuarthas marbh i gcois an bhealaigh mhóir í ar díobháil bídh.

8 Craiceann na Bó

Bhí rí ann agus bhí triúr iníonacha aige. Scairt sé isteach chun an tscomra ar an bhean is sine. D'fhiafraigh sé di cad é an geall a bhí aici airsan. Dúirt sí go raibh oiread gealla aici air is a bhí aici ar an fhuil a bhí ag dul fríd a corp. Scairt sé isteach ar an dara bean. D'fhiafraigh sé díthi cad é an geall a bhí aici airsan. Dúirt sí go raibh oiread gealla aici air agus a bhí aici ar an fhuil a bhí ag dul fríd a croí. Scairt sé isteach ar an tríú bean. D'fhiafraigh sé díthi cad é an geall a bhí aici air. Dúirt sí go raibh oiread gealla aici air is a bhí ag feoil ar shalann. Chuir sé ar shiúl í, gan theacht ar ais dona chóir choíche.

Shiúil sí léithi go dtáinig sí fhad le tigh búistéara. Chuaigh sí isteach ionsar an bhúistéir. D'iarr sí craiceann bó air, é a chur fá dtaobh díthi. Shiúil sí léi go dteachaigh sí fhad le tigh a bhí i gcois an bhealaigh mhóir. Chuaigh sí isteach go bhfeicfeadh sí an bhfostóchadh sé í. Dúirt an bhean go bhfostóchadh, ag dul a bhuachailleacht géachadh. Char lig sí isteach chun an tí ar chos ar bith í: chaithfeadh sí fanacht i dtigh beag a bhí taobh amuigh.

D'éirigh sí ar maidin lá arna mhárach. Chuir sí í ar chúl na coilleadh leis na géachadh. Bhí mac an rí i gcónaí ag dul thart fríd an choillidh le gunna. Nuair a bhí sí thuas insa choillidh rachadh sí suas sa chrann agus rachadh sí a ghabháil cheoil. Mhúsclóchadh sí marbhanna bhí sí chomh binn sin.

D'éirigh mac an rí, d'éirigh sé tinn. Cha raibh fhios ag na dochtúirí cad é a bhí cearr air. Tháinig an dochtúir seo ionsair lá amháin. D'iarr sé ar an mháistir dhul amach agus na cailíní uilig a chruinniú agus iad a chur isteach chun an tseomra ionsair. Rinne a mháistir sin. Tháinig an dochtúir lá arna mhárach. Dúirt sé go raibh duine íteacht nach bhfaca sé go sea. Dúirt a mháistir go bhfaca an t-iomlán acu ach strabalach bheag de chailín a bhí acu ag buachailleacht géachadh. D'iarr an dochtúir uirthi í a thabhairt isteach. Chuaigh an mháthair amach. Thug sí isteach í, craiceann na bó i gcónaí fá dtaobh díthi. Chuir sí isteach chun an tseomra í. An mhóimint a chuaigh sí isteach d'éirigh sé agus shuigh sé siar insa leabaidh. Shuigh sise ar cholbha na leapa. Chuaigh a dheirfiúr suas. D'amharc sí isteach ar pholl na heochrach. Tháinig sí anuas ionsar an mháthair. Dúirt sí leis an mháthair go raibh an cailín is deise ina suí ar cholbha na leapa a chonaic sise riamh. Chuaigh an mháthair suas a dh'amharc ansin. Nuair a chuaigh an mháthair suas chuala sí an trostáil. Bheir sí ar chraiceann na bó agus chuach sí thart fá dtaobh díthi é. Tháinig an mháthair anuas ionsar a hiníon. Arsa an mháthair leis an iníon, 'Tá sí mar bhí sí nuair a chuaigh sí suas.'

D'iarr an iníon ar an mháthair a cuid bróg a bhaint díthi agus dhul ionsar pholl na heochrach. D'amharc sí isteach ar pholl na heochrach. Chonaic sí an cailín is deise a chonaic sí riamh. Chuir

sí isteach an doras is nuair a chuaigh sí isteach bhí biseach ar an mhac. Pósadh an mac agus an cailín. Nuair a bhí siad ag dul dona bpósadh d'fhiafraigh seisean den *bhríde* an raibh aon duine aici le tabhairt ionsar an bhainis. Dúirt sise go raibh, a hathair agus a dís deirfreacha. Scríobh seisean litir é féin. D'iarr sé an t-athair agus an dís deirfreacha ionsar an bhainis. Cha raibh fhios acu cad é an bhean a bhí sé a fháil.

Nuair a fuair siad a ndinnéar bhí siad uilig ina suí thart. Bhí gach aon duine ag inseadh scéaltaí. D'fhiafraigh an grúm den *bhríde* an raibh scéal ar bith aicise le hinsint. Dúirt sí go raibh.

Thosaigh sí a dh'inseadh fána dís deirfreacha, gur dhúirt siadsan leis an athair go raibh siad chomh tógthaí leis agus leis an fhuil a bhí ag dul fríd a gcroí agus gur fhiafraigh sé díthisean cad é an geall a bhí aici air. Dúirt sise go raibh oiread gealla aici air agus a bhí ag feoil ar shalann.

'Bhuel,' arsa an grúm, ar seisean, 'bhí níos mó gealla agatsa air ná bhí ag an bheirt cile. Níl a dhath ar an tsaol a bhfuil níos mó aige air ná tá aige feoil ar shalann.'

D'éirigh a hathair. Fuair sé greim láimhe uirthi. Bhí fhios aige ansin gurb í a bhí ann. Thug sé í féin is a fear ar shiúl chun an bhaile ionsar a chaisleán. Chuir sé ar shiúl a dhá iníon eile. Thug sé airgead dófa. Choinnigh sé ise is a fear.

9 Rí Balor

Bhí iníon aige, an cailín is deise a bhí ar an domhan agus rinne duine ínteacht tairngreacht dó go muirbhfeadh clann a iníne, go muirbhfeadh siad é. D'imigh sé is chuir sé suas tigh. Chuir sé isteach sa tigh í, dhá chailín a chur isteach léithi le aire a thabhairt díthi. Bhí an doras a bhí ar an tigh, bhí sé ocht dtroithe ón talamh.

Bhí Rí Mac Fhionnlaoich istigh i gCloich Chionnaola. Chuala sé fá dtaobh díthi. Chuaigh sé ionsar an bhean sí sna cnoic. D'fhiafraigh sé díthi an rachadh sí leis, é a fháilt amuigh aige iníon Bhaloir. Dúirt sise go rachadh. Chóirigh sí suas é mar bheadh banríon ann. Chuaigh sí leis. D'iarr sí cead a fháilt isteach leis an bhanríon sco, a fháilt istigh aige iníon Bhaloir. Fuair sé isteach. Bhí sé istigh ann trí seachtaine. Tháinig an bhean sí fána dhéin is thug sí ar shiúl chun an bhaile é. Am íteacht ina dhiaidh sin bhí clann aige iníon Bhaloir. Bhí triúr clainne aici.

Nuair a chuala Balor go raibh clann aici rith sé isteach fríd gach aon sórt. Bheir sé ar na trí naonáin, chuir sé isteach i mbráillín iad. Chuir sé pionnaí insa bhráillín. Chuir sé triúr fear amach le curach is an triúr a chaitheamh amach insan fharraige, iad a bháthadh. D'imigh an bhean sí in éis an bháid. Nuair a chaith siad amach iad bhris ceann de na pionnaí. Thit duine de na leanbadh isteach san uisce. Fuair an bhean sí greim air. Chuach sí suas é ina gúna glasáin. Thug sí isteach go Cloich Chionnaola é. Nuair a mhothaigh Rí Balor gur Rí Mac Fhionnlaoich athair na leanbadh tháinig sé isteach go Cloich Chionnaola. D'fhág sé Mac Fhionnlaoich ina luí agus a cheann ar cloch gheal. Bhain sé an ceann dó, le buille amháin de thuaigh.

Bhí an mac istigh i gCloich Chionnaola. Nuair a d'éirigh sé mór bhí siad ag inseadh dó cad é an bás a fuair a athair. Dúirt sé go mbainfeadh sé sásamh as Rí Balor fá bhás a athara. Mac Mhac Fhionnlaoich, bhí sé ina ghabha istigh i gCloich Chionnaola. Rí Balor, bhí súil ar chlár a éadain agus súil i gcúl a chinn agus dá bhfosclóchadh sé an dá shúil sin thiofadh leis cáipéis ar bith a chur ar dhuine ar bith dá mbeadh an mhian air.

Bhí mac Mhac Fhionnlaoich istigh ina cheárta agus iarann dearg sa tinidh aige. Tháinig Rí Balor le crúithe a fháilt ar a bheathach. Nuair a chonaic sé é ag teacht ar an doras bheir sé ar an iarann dearg. Rith sé síos agus chaith sé é dó ag an doras. Chuir sé an t-iarann dearg isteach ar an tsúil a bhí ar chlár an éadain agus amach ar an tsúil a bhí ar chúl a chinn is mharbh sé é.

10 An Fear a Chaith Bliain in Uaimh

Bhí fear as Leitir. Chuaigh sé a bhaint bairnigh rabharta na Féile Pádraig. Chuaigh sé síos i gcúl Cnoc Dhún Damh isteach faoin chnoc. Chuaigh sé amach thaire leis an chnoc agus chuaigh sé síos ar an uaimh nó chuir na bairnigh cearthaí air agus chuaigh sé isteach san uaimh.

Nuair a chuaigh sé isteach d'fhan sé rófhada istigh. Nuair a tháinig sé go béal na huaimhe bhí sí líonta. Cha dtiocfadh leis a fháilt amach. D'fhan sé ansin go maidin. Cha dtiocfadh leis amharc amach ar maidin. Bhí sé istigh ansin, cha dtiocfadh leis a fháilt amach. D'imigh sé ansin. Chruinnigh sé broc leathaigh. Rinne sé nead bheag den leathach thuas aige ceann na huaimhe. Bhí sé ansin. Cha dtiocfadh leis a fháilt amach agus bhí sé istigh go Mí na Márta an dara bliain. Tháinig sé anuas go béal na huaimhe. Fuair sé amach. Tháinig sé chun an bhaile. Bhí an bhean pósta. Nuair a tháinig sé isteach chun an tí ghlac siad eagla roimhe leis. Rith an fear agus an bhean leis go tigh a gcomharsan. Chuaigh siad a dh'inseadh cad é an cineál fear scanraithe a tháinig isteach. Tháinig muintir na comharsan isteach a dh'amharc air. Thosaigh sé a dh'inseadh dófa gurb é a bhí ann, go raibh sé istigh san uaimh faoi Chnoc Dhún Damh ó d'imigh sé. Rith an bhean abhaile. Chuir sí síos *pan* bainne. Théigh sí é. Thug sí dó le hól é. Nuair a d'ól sé é luigh sé siar sa chathaoir is fuair sé bás.

11 Ór an 'tSean-Ghéig'

Go mbeannar duit, a Phádraig.'

'Go mbeannar,' arsa Pádraig.

Bhí seanchruachtán ar an bhaile seo. Bhí sí ina cónaí aige cóngaraíocht na mbealaí móra. Gach aon lá margaidh agus gach aon Domhnach bhí sí amuigh ag iarraidh pingneacha. Cha cheannóchadh sí a dhath móna. Rachadh sí amach insna cuibhreannacha an áitidh a mbeadh na ba. Chruinneochadh sí aoileach na mbó, dhéanfadh sí cruachadh de go dtriomóchadh sí é. Bhruithfeadh sí biadh leis. Bhí cailín ar an bhaile. Ghairfeadh siad Bríd Ní Mhaighir di. Thiocfadh sí isteach gach aon lá le bainne ionsuirthi. Tháinig sí isteach an lá seo. Dúirt sí go raibh sí éagsúil tinn. D'iarr sí ar Bhríd deoir den bhainne a théamh díthi. Théigh sí é. Thug sí díthi é. D'iarr sí uirthi dhul chun an bhaile agus deoir mhaith bainne a thabhairt anuas ionsuirthi, go raibh sí ag dul a fháilt bháis, gur mhaith a cuid óir a bhith léithi go leáfadh sí í insa bhainne.

Nuair a chuala Bríd go raibh sí ag dul a leáthaigh an óir sa bhainne thug sí gráinnín ime léithi. Nuair a tháinig sí isteach chuir sí an bainne isteach i *pan* an chruachtáin, agus an t-im. D'iarr an seanchruachtán uirthi theacht aníos. Thug sí an sparán díthi. Bhí sé éagsúil trom. Bhuail sise an t-ór amach as an sparán isteach ina *pan* féin. D'iarr an seanchruachtán uirthi an sparán a chrochadh agus é a chur uilig isteach. Dúirt sise go dtearn sí sin. Chaith sí an sparán suas ionsuirthi.

'Ó, chím anois,' arsa sise. 'Tá sé uilig sa *phan*.

Chuir sí an *pan* ar an tinidh. Bhí sé ag gail leis ar an tinidh ansin. D'fhiafraigh an cruachtán de Bhríd an raibh sé leáite. Thug Bríd anall an *pan* ionsuirthi. D'amharc sí isteach sa *phan*.

'Chím,' arsa sise. 'Tá sé leáite,' arsa sise. 'Tá an t-ór ar snámh thart ar mhullach an *phan*.'

'Fan,' arsa Bríd, 'go bhfuaróchaídh mé an deoch duit.'

'Ó, tabhair domh é,' arsa sise, 'ólfaídh mé uilig é nuair atá sé te.'

Bheir sí ar an *phan*, chuir sí ar a cheann é. D'ól sí siar an bainne is an t-ór. Le sin lig sí scread mhór aisti.

Thit sí siar insa leabaidh. Fuair sí bás. Le sin léim Bríd ar a *pan* féin agus rith sí amach ar an tsráid is thit sí. Dhoirt sí cuid den ór. Chruinnigh sí suas í. Chuaigh sí abhaile ionsar an mháthair.

Nuair a chuaigh sise chun an bhaile ionsar an mháthair dúirt sí go raibh sí ina *match* do bhuachaill ar bith ar an bhaile, go raibh ór an tseanghéig aici uilig, bhí sí dona choinneacháil faoi rún. D'inis sise do Phádraig Mac Gearagáin go raibh ór an tseanghéig aici fágáil choinne a fortúin agus chuaigh Pádraig chun an bhaile ionsar a mháthair agus d'inis sé díthi go raibh *portion* mhór aige Bríd Ní Mhaighir le fáilt.

'Cad é an áitidh a bhfuair sí é?' arsa an mháthair.

'Fuair sí ór an tseanghéig uilig fágáil choinne a fortúin.'

Dúirt seisean lena mháthair go raibh sé ag dul dona pósadh. D'inis a mháthair fríd an bhaile cad é an *portion* a bhí aici le fáilt. Nuair a pósadh iad ansin bhí seacht gcarranadh ag an bhainis. Bhí sí aníos ina suí nuair a bhí siad ag teacht. Chuala buachaillí an bhaile fágáil dtaobh den ór. Bhí siad istigh ag taobh tigh an tseanchruachtáin. Thosaigh siad uilig a chaoineadh is a screadaigh, ag scairtigh:

'Pádraig Mac Gearagáin, phós sé Bríd Ní Mhaighir is fuair sé ór an tseanchruachtáin fágáil choinne *portion*.'

Léim siad uilig de na carranadh. Rith siad uilig isteach go tigh na bainse. Cuireadh an bolta ar an doras. Cha dtáinig aon duine acu amach go dtí gur ghlan an lá. An mhóimint a ghlan an lá thug Pádraig Mac Gearagáin a bhean leis. D'imigh siad ar shiúl ón bhaile. Bhí eagla air go dtiocfadh an seanchruachtán air féin is ar a bhean.

12 Tae a Rinneadh do Shagart

Mo shean-scanmháthair, bhí sí ina smachtín de chailín, dhá bhliain déag nó ceithre bliana déag nó mar sin. Nuair a chuaigh sí chun na stáisiún b'éigean di dhul go Doire fá choinne gach aon sórt dá raibh a dheachair uirthi.

An lá a bhí an stáisiún acu d'éirigh an bhean, chuir sí síos an pota beag. Nuair a chuaigh sé a ghail chuir sí isteach lán a láimhe de thae isteach sa phota, shula mán dtáinig an sagart ar chor ar bith. Bhí sé ag gail ansin ach go raibh an sagart réidh lena bhricfeasta a ghlacadh. Thug sí síos an pota beag ionsar an drisiúr, thall an sú de na cnamhógaí. Chaith sí amach ar an tsráid é. Ghlac sí pláta. Chuir sí na cnamhógaí amach ar an phláta. Chuir sí spáinn ime orthu. Chuaigh sí síos chun an tseomra leis na cnamhógaí ar an phláta agus pláta ime léithi. D'iarr sí air ansin amach ó go raibh go leor ime aige é féin tuilleadh a chur air.

Thosaigh an sagart a gháire.

'A chroí,' ar seiscan, 'cá bhfuil tú ag dul le sin?'

'Tá é fá do choinnesa.'

'Cad é rinne tú leis an tsú?'

'Chaith mé amach é.'

'Bhuel, féadaidh tú sin a chaitheamh amach fosta. Chan ithimse an chnamhóg ar chos ar bith. Is é an sú ólfas mise. An bhfuil a dhath níos mó tae agat?'

'Tá go leor,' arsa sise.

'Tar aníos ansco,' arsa seiscan, 'chun na cistinigh. Cuir oiread uisce sa phota anois agus a dhéanas tae domhsa.'

Nuair a bhí an pota ag gail d'iarr sé uirthi an pota a bhaint aníos agus é a fhágáilt ina shuí ar leac na tineadh. Bhí sise ag dul a chur isteach lán a láimhe de thae.

'Ó, a chroí,' arsa seiscan, 'ná cuir sin uilig isteach!'

Thaispeáin sé díthi oiread agus a dhéanfadh tae dósan. D'iarr sé uirthi é a chur amach ine soitheach dósan ansin.

13 Ag Rann na gCnaipí

Bhí sé buachaillí beaga sa tseanaimsir agus bhí cuid mhór cnaipí acu. Chuaigh siad a dh'imirt cnaipí, gach aon bheirt acu i gcuideachta a chéile. Bhuaigh beirt de na buachaillí beaga na cnaipí uilig. Bhí lán a gcuid póca acu. Rith siad ar shiúl. Bhí eagla orthu go mbainfeadh na buachaillí eile díofa iad. Rith siad leofa go dtáinig siad fhad le balla reilig thigh an Aifrinn.

Dúirt fear acu leis an fhear eile go rachadh siad isteach thaire leis an bhalla a rann na gcnaipí. Nuair a bhí siad ag dul isteach thaire leis an bhalla thit dhá chnaipe as póca duine acu is ar seisean leis an fhear eile,

'Chaill mé dhá chnaipe.'

'Ó, gheobhaidh muid an dá chnaipe sin,' arsa an fear eile, 'nuair a bheas muid ag teacht amach.'

Nuair a chuaigh siad isteach i reilig thigh an Aifrinn shuigh siad ar leac a bhí ar uaigh aige taoibh an bhalla. Thosaigh siad a rann na gcnaipí. Cha raibh siad ábalta a dhath a chuntas, ach an dóigh ar chuntas siad iad: 'Seo ceann domhsa agus sin ceann duitse.'

Bhí siad ag cuntas leofa agus bhí fear ag teacht aige balla na reilige. Chuala sé an chaint. Cha dtiocfadh leis aon duine a fheiceáilt. Bhí siadsan ag dul ar aghaidh ar fad: 'Seo ceann domhsa agus sin ceann duitse.'

Sheasaigh an fear tamall maith ag éisteacht.

Arsa seisean leis féin, 'Sin Dia agus an Diabhal ag rann na gcorp sa reilig thigh an Aifrinn.'

Agus thug sé a bhairéad leis ina lámh. Rith sé ar shiúl. Chas fear dó ar an bhealach mhór agus é ina rith.

'Cad é seo,' arsa an fear, 'atá cearr ort nó cá bhfuil tú ag dul?'

'Tá Dia is an Diabhal,' arsa seiscan leis an fhear, 'ag rann na gcorp istigh i reilig thigh an Aifrinn.'

'A amadáin shalaigh,' arsa seiscan leis an fhear, 'cad é a chuir sin in do cheann?'

'Rachaidh tusa liomsa anois,' arsa seiscan, 'go gcluinnidh tú iad ag rann na gcorp.'

'Rachaidh,' arsa an fear.

Chuaigh siad go balla na reilige. Bhí siadsan ag dul ar aghaidh ar fad taobh istigh den bhalla: 'Seo ceann domhsa agus sin ceann duitse.'

Sheasaigh an bheirt tamall ag an bhalla. Bhí deireadh cuntaiste acu sin.

'Sin deireadh,' arsa fear acu leis an fhear eile. 'Cad é dhéanfas muid leis an bheirt atá taobh amuigh den bhalla?'

Shíl an bheirt fhear gurbh iadsan iad féin a bhí ag dul dá gcur sa roinn. D'imigh an bheirt chomh láidir agus a thiocfadh leofa a reachtáil. Chuaigh siad chun an bhaile. D'inis siad faoi rún mór go raibh Dia ag rann na gcorp agus ach ab é go raibh siadsan lúfar, gasta go mbeadh siadsan sa roinn fosta!

14 An Fear Óg a bhFuarthas Bean Chéile Dó

Fear agus bean agus bhí siad ag éirí sean. Bhí mac acu agus bhí siad i gcónaí agá chur amach le pósadh. Cha rachadh sé amach dófa. D'iarr an t-athair ar fhear muinteartha dó theacht fána dhéin an oíche sin agus é a thabhairt leis agus bean a fháilt dó. Tháinig an fear. Thug sé leis é. Tháinig sé féin is an fear ar ais. Nuair a tháinig siad isteach dúirt sé lena athair agus

lena mháthair go bhfuair sé an bhean dó. Dúirt siadsan go raibh siad sásta.

Bheir an buachaill ar chathaoir nuair a tháinig sé isteach. Shuigh sé i lár theallach na tineadh. Thosaigh sé a dh'amharc isteach sa tinidh. D'éirigh an mháthair. Thosaigh sí a chócaireacht. Chan itheadh an buachaill is chan ólfadh sé ach ina shuí ansin ag amharc isteach sa tinidh. D'éirigh an t-athair is tharraing sé sceilp den láimh sa mhalainn air.

'A rud shalaigh,' arsa scisean, 'cad é atá cearr ort? An oíche shula mán pósadh mise bhí mé ag bocléimnigh thart mar a bheadh gabhar óg ann.'

'Bhuel, a athair a chroí, cha raibh sin iontach. Nuair a pósadh thusa pósadh thusa ar mo mháthairsa. Tá mé anois ag dul do mo phósadh ar bhean choimhthíoch.'

Nuair a chuala an t-athair cad é dúirt sé chroith sé sin ar an fhear eile agus thosaigh siad ar scéal ínteacht eile. Bhí an t-athair is an mháthair buartha – bhí cagla orthu go bhfuigfeadh sé an bhean.

Pósadh iad lá arna mhárach. Bhí an bhainis ina thigh féin. Chuaigh an mháthair ionsar iníon deirfreacha a bhí aici. D'iarr sí uirthi an *bride* a thabhairt ar leataobh a iarraidh uirthi a bhith ag *actáil* leis, go raibh sé éagsúil faiteach. Chuaigh sise ionsar an *bhríde*. Thug sí ar leataobh í. D'inis sí díthi cad é dúirt an mháthair léithi.

Thug an cailín iad isteach sa tseomra. Nuair a chuaigh siad isteach bheir an *bride* air thart fána mhuinéal lena dhá láimh. Thosaigh sí dona phógadh. Bhí siad ag *actáil* thart fríd an tseomra. Bhí an dinnéar réidh. Tháinig siad amach ionsar a ndinnéar. Nuair a bhí an dinnéar ite acu chuaigh seisean, an grúm, ionsar a mháthair. Dúirt sé go raibh sé éagsúil sásta go raibh sé pósta. Dúirt sise go raibh sise sásta fosta. Dúirt scisean ansin leis an mháthair go raibh siad istigh sa tseomra agus gur chuir sí a dhá láimh thart fána mhuinéal:

'Thosaigh sí do mo phógadh.'

'Bhuel,' arsa an mháthair, 'sin mar ba cheart díthi a

dhéanamh leatsa, sin mar ba cheart duitse a dhéanamh léithise. Nach bhfuil fhios agat,' arsa an mháthair, 'go bhfuil níos mó bainte agatsa do do bhean anois ná tá agat domhsa?'

'An bhfuil sin fíor?' arsa sciscan.

'Tá,' arsa sise.

'Bhuel, má tá sin fíor caithfidh mise a bhith éagsúil maith do Mháire.'

Cha raibh aon fhear ina chónaí i mBaile Binn na Cuaiche a raibh níos mó gealla aige ar a bhean ná a bhí ag Peadar Mac Gearagáin.

15 Tarbh ag Troid le Fear a bhí Istigh i mBairille

Paidí Ó Dochartaigh, chuaigh sé anonn go hAlbain. Bhí sé ag cuartú oibre ach cha dtiocfadh leis a dhath oibre a fháilt. Tháinig sé amach as an bhaile mhór. Chuaigh sé isteach i gcoillidh. Bhí eagla air fanacht sa choillidh, go dtiocfadh beathaigh fhiánta air. Cha raibh sé i bhfad istigh nuair a chuaigh sé suas i gcrann agus shuigh sé thuas sa chrann. Cha raibh sé an-fhada ina shuí nuair a chonaic sé ceathrar fear ag teacht, spáid agus sluasaid leofa. Stop siad aige bun an chrainn a raibh seisean ina shuí ann. Thosaigh siad a bhaint uaighe. Nuair a bhí sí a chóir réidh acu d'fhiafraigh fear acu den fhear eile cé acu de na fir a luífeadh san uaigh seo go bhfeicfeadh siad an raibh sí mór go leor.

'Cé luífeas ann ach Pádraig Ó Dochartaigh atá thuas insa chrann.'

Ordaíodh do Phádraig a theacht anuas. Cha dtáinig sé anuas nó go rachadh siadsan suas air. B'éigean dó theacht anuas. Nuair a tháinig sé anuas b'éigean dó luí istigh san uaigh. Nuair a fuair

siad ina luí é san uaigh thosaigh siad ag caitheamh na créafóige síos. Bhí sé de chóir plúchta acu. Le sin scairt an coileach. D'imigh siadsan uilig ar shiúl uaidh.

Fuair sé amach as an uaigh le trioblóid mhór. D'imigh sé síos an áitidh a raibh sé. Nuair a chuaigh sé isteach ansin chan fhuigheadh sé lóistín. Chuaigh sé amach. Bhí bairille mór amuigh ar an tsráid. Chuaigh sé isteach sa bhairille. Cha raibh sé an-fhada istigh nuair a tháinig buachaill amach. Chuir sé an clár ar an bhairille. Bhí sé istigh insa bhairille ansin. Bhí poll ar thaobh an bhairille an áitidh a raibh corca sa bhairille.

Nuair a d'éirigh siad ar maidin lig siad amach a gcuid eallaigh. Bhí tarbh mór fiánta ann. Chuir siad an tarbh a dh'actáil thart leis an bhairille. Le sin chuir seisean amach a lámh ar an pholl. Tharraing sé isteach eircaball an tairbh. Thosaigh an tarbh a léimnigh thart fríd an tsráid. D'imigh an tarbh ar shiúl i bhfiáine agus an bairille ina dhiaidh. Tháinig sé ar thaobh geata. Bhris sé an bairille. Tháinig an fear amach. D'fhiafraigh siad de cad é thug ansin é. Dúirt sé nach dtiocfadh leis lóistín a fháil is go dteachaigh sé isteach sa bhairille. D'fhiafraigh siad de cad é an dóigh a bhfuair sé isteach. Dúirt sé leis nach raibh clár air nuair a fuair seisean isteach; in éis eisean a dhul isteach go dtáinig duine ínteacht agus gur chuir sé an clár ar an bhairille. Thug siad obair dó ansin agus nuair a bhí sé ag fágáil Alban bhí dhaichead punt chun an bhaile leis ag teacht chun an bhaile dó.

II

Síscéalta



Béal an Mháma

16 An Iarlais

Bhí bean ann am amháin agus bhí leanbh galánta aici. Bhí sé éagsúil socair. Bhíodh sé ina luí insa chliabhán ar fad ag ábhailligh lena chuid méaraí. Cha chaoineadh sé ná a dhath. Rachadh sí amach gach aon lá fá dhéin uisce. Bhí an leanbh ina luí go socair nuair a thiocfadh sí. An lá seo chuaigh sí ar shiúl fá dhéin uisce. Nuair a bhí sí fá phíosa den tigh chuala sí an leanbh ag screadaigh is ag caoineadh. Chaith sí na stópaí uaithi. Rith sí chun an tí. Cha dtiocfadh léithi é a shocrú. Cha raibh fhios aici cad é a dhéanfadh sí leis.

Nuair a bhí na fir ag fáilt éadaí déanta bhéarfadh siad an táilliúir isteach ina dtigh féin. Bhí an táilliúir ina shuí ag an tábla. Chuaigh sise amach fá dhéin uisce. D'éirigh an seandúine beag as an chliabhán. Arsa seisean leis an táilliúir, 'Éireochaidh mé anois. Beidh toit bhreá agam shulamán dtig sí ar ais.'

Thug sé an seanphíopa beag as faoin bhabhstar. Char labhair an táilliúir ar chos ar bith. Shuigh sé ar stól beag. Thosaigh sé a chaitheamh toite. Char lig an táilliúir air go raibh sé ag éisteach leis. Nuair a mhothaigh sé an trostáil ag teacht léim sé isteach sa chliabhán. Chuir sé a píopa faoin bhabhstar. Thosaigh sé a screadaigh is a chaoineadh.

Nuair a tháinig sise isteach, 'Tar aníos anseo,' arsa an táilliúir, arsa seisean leis an bhean. 'Cuir iarann an scadáin sin ar an

tinidh agus deargaigh é agus cuir tóin an ghaiscígh sin ar an iarann, is cuir ar shiúl suas an tsimleoid sa toit é!’

Nuair a chuala seisean cad é dúirt an táilliúir léim sé amach as an chliabhán suas an tsimleoid. Chan fhaca siad níos mó é.

17 An Mhaighdean Mhara

Fear a bhí thíos aige Cionn Mhálanna, d’éirigh sé go luath ar maidin. Chuaigh sé síos chun na tráighe. Chonaic sé an bhean ina suí ar an chreig ag cíoradh a cinn – an bhean is deise a chonaic sé riamh. Tháinig sé suas cóngar ionsuirthi agus chonaic sé an scabairt. Thóg sé leis í. B’éigean díthi í a leanúint. Chuaigh sí chun an bhaile leis. Bhí sí aige go raibh trí nó ceithre daoine clainne acu. Nuair a d’éirigh na tachráin mór gach aon sórt deas a mbeadh aici, d’fhiafraigh sí de na tachráin an bhfaca siad a dhath riamh chomh deas le sin, an bhfaca siad rud ar bith ag a n-athair chomh deas le sin. D’abóradh siad nach bhfaca.

Mí an Fhómhair chuir an fear isteach cruach arbhair. Chuir sé an scabairt isteach faoin chruaich. Chonaic an fear is sine de na tachráin go raibh scabairt faoin chruaich – cha raibh fhios aige cad é a bhí ann. Chuaigh an t-athair ar shiúl chun An Chairn Dé Luain. Bhí an mháthair ag taispeáint sórt ínteacht do na tachráin cad é chomh deas is a bhí sé. Dúirt an fear is sine go bhfaca seisean rud i bhfad níos deise ag an athair.

‘Cad é rinne sé leis?’ arsa an mháthair.

‘Chuir sé isteach faoi chruaich an arbhair é,’ arsa an buachaill. Chuaigh sí amach is thiontaigh sí an chruach. Thug sí an scabairt léithi. Bhí sí ar shiúl ag teacht dósan as An Charn. Thiocfadh sí ar ais gach aon lá nuair a bhíodh seisean ar shiúl. Chíorfadh sí a gceann is nífeadh sí a n-aghaidh.

18 An Maol Riabhach

Bhí bean in Oileán na Dúmhcha. Cha raibh sí ag déanamh a dhath ach sníomhachán. Bhí sí ag amharc amach ar an fhuinneog lá amháin. Chonaic sí maológ riabhach ag teacht isteach as an uisce.

'A Thiarna! níl fhios agam cé leis an bhó seo.'
Choimhead sí an bhó. Tháinig an bhó aníos an *loaning*. Tháinig sí aníos go dtí an doras. Sheasaigh sí ag an doras. Chuaigh an bhean amach ar an doras a dh'amharc cá dteachaigh sí. Nuair a chuaigh sí amach bhí an bhó ina seasamh ag tarsainn an dorais ag tacharnadh. Chuir sí a lámh amach léithi. Chuaigh sí suas go both beag a bhí i mbinn an tí. Chuaigh sí isteach. Chuaigh an bhean amach an oíche sin is bhligh sí í.

Chuaigh sí amach ar maidin lá arna mhárach is bhligh sí í ar ais. Cha raibh sí an-fhada aici nuair a bhí gamhain baineann aici. Cha raibh an gamhain ach naoi mí nuair a bhí gamhain aici. Bhí gamhain eile ag an bhó riabhach: bhí ceathrar aici ansin. Bhí cith mór ag teacht lá amháin. Chuaigh sí amach le iad a chur isteach. Chuaigh siad uilig isteach go suaimhneach ach an bhó riabhach, an mhaológ riabhach. D'éirigh sí crosta uirthi is cha rachadh sí suas ina háitidh. Chuir sí suas í. Nuair a chuaigh sí suas bheir sí ar an bhuarach a raibh sí ceangailte léi. Tharraing sí *slap* den bhuarach sa smut ar an bhó.

Nuair a bhuail sí an bho leis an bhuarach léim an bho thaire léithi amach an doras. Lean sí an bhó. Nuair a chuaigh sí amach fhad leis an doras chonaic sí bean go dtí an básta san uisce.

Scairt an bhean:

'Teich! 'Chroíóg
A Mhaol Riabhach!
An Maol Riabhach
Go a gamhain.'

Thug sí uilig go léir léithi ansin iad.

Tá sé crosta a dhéanamh: an bhó a bhualadh leis an bhuarach a bhfuil sí ceangailte léi. Síogaí a bhí inti.

19 An Trá Bréagaí

Bhí tithe agus talamh agus daoine ina gcónaí ann. Bhí trí slatacha draighin ag fás i mBéal an Bharra. Cha dtáinig tonn dona gcóir riamh. Bhí fhios ag gach aon duine dá ngearrfaí na slatacha go dtiocfadh an tonn ann is go mbáithfeadh a raibh sa dúiche.

Thit siad amach le chéile lá amháin. Rinne dhá bhean *plot* go bhfanóchadh siad ina suí go rachadh siad uilig a luí, go rachadh siad síos go ngearrfadh siad na slatacha, go mbáithfeadh siad iad. Agus d'fhan siad ina suí agus chas siad do bhean eile. D'fhiafraigh siad díthi an rachadh sí leofa. Dúirt sí go rachadh. D'imigh an triúr. Rith an chéad bheirt a rinne an *plot*. Cha raibh an bhean eile ábalta coinneacháilt leofa. Nuair a chuaigh siadsan síos ghearr siad na slatacha. D'éirigh an tonn, sciob sí an bheirt suas an barra, bháith sí iad. Chonaic an bhean eile cad é d'éirigh dófa. Thiontaigh sise. Nuair a d'éirigh na daoine lá arna mhárach bhí a raibh insa dúiche, bhí siad uilig báite. Bhí fhios ag gach aon duine gurbh éigean na slatacha a ghearradh nuair a tháinig an tonn aníos. Cha raibh fhios ag aon duine cé a rinne é. Dúirt an bhean seo go raibh fhios aicise cé a rinne é. D'inis sí ansin go dtearn an dá bhean eile seo *plot* go ngearrfadh siad na slatacha agus gur iarr siad uirthise a dhul leofa is chuaigh sise leofa. Rith siad ar shiúl. Cha raibh sise ábalta coinneacháilt leofa. Dúirt siad ansin go raibh an cháipéis ar mhná na dúiche nach mbeadh siad intrust choíche.

20 An Fhuil Sí sa Tobar

Fear a raibh *Jacky MacCairn* air. Chuaigh sé amach ar an tsráid agus bhí cineál ceo ann agus caochdhorchadas na hoíche. Sheasaigh sé amuigh ar an tsráid. Tháinig an fear beag seo aníos ionsair is labhair sé leis.

‘Tá cogadh mór ag dul a bhith ann anocht, a *MhicCairn*,’ ar seisean. ‘Tá muintir Albaine ag dul a choimhead na scadáin, ag dul dá mbaint dinn.’

‘Agus má bhuann sibh ba mhaith liom dá mbeadh fhios agam go mbuafadh sibh.’

‘Bhuel,’ arsa seisean, ‘bhéarfaidh mise fios duit air sin. Nuair éireochas tusa amárach gabh ionsar do thobar agus má bhíonn lorg fola ar an uisce tá muid buailte. Má bhíonn an t-uisce glan bhuaigh muid.’

Nuair a d’éirigh sé chuaigh sé amach ionsar an tobar. Bhí fuil sa tobar. Bhí fhios aige ansin gur chaill siad iad.

III

Scéalta Cráifeacha



Síos ón Mhám

21 Scéal fán Teampall ar An tSráid

Bhí Colm Cille agus a chuid scirbhísigh ag dul a chur suas tigh Aifrinn thall ar an Bhinnín agus bhí clochadh agus aol agus adhmad agus gach aon sórt cruinn acu ag dul dona chur suas. Ghlan siad amach bunda an tí agus thosaigh siad a dh'obair air, ag obair leofa rith an lae.

Chuaigh siad chun an bhaile ansin. Nuair a tháinig siad lá arna mhárach bhí an obair uilig ar shiúl as áitidh. D'imigh siad agus chóirigh siad suas ar ais é. Chuaigh siad chun an bhaile an oíche sin. Ag teacht dófa lá arna mhárach bhí an obair ar shiúl as áitidh arís. Chóirigh siad suas ar ais é. An tríú lá a tháinig siad bhí sé ar shiúl as áitidh arís. Thosaigh siad suas píosa beag ar thaobh an chnoic. Dúirt Colm Cille go raibh sórt ínteacht cearr. Cha raibh siad an-fhada ina seasamh nuair a tháinig colmán geal. Luigh sé aige carnán na gcloch agus thóg sé trí ghrinneánacha de na clochadh ina ghob leis. D'imigh sé. Cha dtug siad a dhath airde air. Cha raibh sé an-fhada ar shiúl nuair a tháinig sé ar ais. Luigh sé aige carnán an aoil. Thóg sé trí ghrinneánacha den aol. D'imigh sé. Cha raibh sé an-fhada ar shiúl nuair a tháinig sé ar ais. Nuair a chonaic siad ag teacht an tríú *heat* é luigh sé aige carnán an adhmaid. Thóg sé trí spliota den adhmad ina ghob leis.

Dúirt Colm Cille go raibh sórt ínteacht ansin. Rith siad uilig ar shiúl in éis an cholmáin go bhfeicfeadh siad cá raibh sé ag dul.

Lean siad é. Chuaigh sé suas san áitidh a bhfuil an seanteampall sin anois. Luigh sí i lár an urláir. Choinnigh Colm Cille súil uirthi, ar an cholmán. Nuair a chuaigh sé suas bhí trí ghrinneánacha de na clochadh ina luí ar an talamh, trí ghrinneánacha aoil ar a mhullach sin agus trí spliota adhmaid ar mhullach an aoil.

Dúirt Colm Cille gur sin áitidh a gcaithfeadh siad tigh an Aifrinn a chur suas. Thosaigh siad a dh'obair ansin. Cha raibh siad an-fhada go bhfuair siad tigh an Aifrinn suas. Tháinig *Cromwell* orthu ansin is a chuid fear. Chuir sé ar shiúl as tigh an Aifrinn iad. Choinnigh siad dófa féin é.

22 Mallachtaí a D'fhág Colm Cille ar Inis Eoghain

Nuair a bhí Colm Cille i gCluain Maine bhí sé ag teacht anall baile Na Sráide. Bhí fear ina sheasamh amuigh ar an tSráid. Bhí na tachráin uilig amuigh, na girseachadh is gasraí a bhí amuigh ar An tSráid. Arsa duine de na gasraí, 'Seo fear ag teacht! Caithfidh muid clochadh agus dartáin air!'

Nuair a tháinig seisean fhad leis an fhear d'fhiafraigh sé den fhear.

'Cad é is ciall do seo?' – go raibh siad ag caitheamh airsán.

Dúirt sé go raibh bainis ar an bhaile seo inniu agus go raibh an fear is an bhean as an bhaile seo agus go raibh na tachráin ag actáil.

'Guím Dia,' arsa seisean, 'ná raibh aon bhainis insa bhaile seo choíche agus an fear agus an bhean as an bhaile amháin ach gach aon chéad blian! Guím Dia ná raibh an tSráid choíche gan tachráin dí múinte a bhith ann!'

Tháinig sé anall ansin go Cros na Coinnile. Chas sé do fhear amuigh ar an bhealach mhór. D'fhiafraigh sé den fhear an dtabharfadh an bealach seo eisean chun An Lionáin.

'Níl fhios agam,' arsa an fear, 'cé acu bhéarfas nó nach dtabharfaidh.'

'Guím Dia,' arsa seisean, 'ná raibh Cros na Coinnile choíche gan amadán a bhith ann!'

Chuaigh sé anonn go Íochtar Cluana. Chuaigh sé isteach go tigh. D'iarr sé píosa aráin ar an bhean, go raibh ocras air. Dúirt sí nach dtiocfadh leis an t-arán a ithe, gur bhruith sí é leis an tinidh – 'Thit sé isteach sa luaith dhearg. Cha dtiocfadh leat a ithe.'

'Guím Dia,' arsa seisean, 'ná raibh Íochtar Cluana choíche gan luaith dhearg acu choíche!' Chuaigh sé go Gort na gCeasad. Chuaigh sé isteach chun an tí. Bhí faochógaí ag an bhean. D'iarr sé cuid de na faochógaí. Dúirt sí nach dtiocfadh leis iad a ithe, nach raibh a dhath salainn orthu. Chuir sí duine amach a iarraidh iasacht gráinne an tsalainn. Shiúil seisean leis. Dúirt sé go gcuirfeadh sé ainm ar an bhaile seo, Baile na gCeasad.

Chuaigh sé anonn go Bun na Coilleadh. Chuaigh sé isteach go tigh. Bhí bonnóg aráin leis an tinidh. D'iarr sé píosa den arán. Dúirt an bhean nach dtiocfadh leis é a ithe nach raibh sé leathchruachta. Char thiontaigh sí ar an aithinne é.

'Mo mhallachtsa do bhean ar bith nach dtiontóchadh a cuid aráin ar an aithinne!'

Chuaigh sé anonn go Líonán. Bhí tart mór air. Chuaigh sé ionsar shruthán uisce, Abhainn an Líonáin, a dh'ól deoch. Nuair a bhí sé ag ól a dhí chuaigh breac beag isteach ina bhéal. Is maith nachar tachtadh é. Nuair a fuair sé réitiste ansin,

'Guím Dia,' arsa seisean, 'ná raibh breac nó brádán ag teacht isteach go sé ceathrúna Iorrais choíche!'

23 Cuibhreann na bhFeagacha

Bhí Colm Cille ag stopadh thuas i bparóiste Bhun Cranncha i dtigh ag seachnú a namhaid agus bhí sé ina shuí ag an tinidh ag cur air a chuid brógadh. Chuaigh bean an tí amach fá dhéin dhá stópa uisce. Rith sí isteach. Scairt sí le Colm Cille go raibh a namhaid ag teacht. Bhí stoca amháin agus aon bhróg amháin air agus bhí an bhróg ceangailte is char fhan sé le a baint de.

Chuaigh sé isteach fríd chuibhreann na bhfeagacha agus bhí na feagacha chomh hard le mullach a chinn. Bhí sé dona leagadh fríd na feagacha. Bhí sé ag guí nuair a fuair sé amach as an chuibhreann gan feagacha díreach fás sa chuibhreann sin choíche.

24 An Sagart a Rinne Bealach Mór Fríd an Fharraige

Insa tseanaimsir bhí na daoine amuigh in Inis Trá Tholl agus bhí seandúine ann agus bhí sé éagsúil sean agus bhí stoirm mhór ann. Bhí na tonnaí ag dul thaire leis na beannaí. Bhí siad ag caint agus deir an seandúine, deir sé,

‘Dá mbeinn ag dul a fháilt bháis anois cha dtiocfadh le duine ar bith a dhul fá dhéin an tsagairt domh. Tá sé róstoirmiúil.’

‘Ó,’ arsa buachaill, arsa seisean, ‘rachainnse fána dhéin.’

‘An rachfá?’ arsa an seandúine.

‘Rachainnse fána dhéin, is cuma cad é an stoirm a bheadh ann.’

Cha raibh níos mó iomrá fá dtaobh de.

D'éirigh an seandúine tinn. Bhí an stoirm as cuimse. Ó, bhí sé as cuimse, gaoth agus stoirm. Bhí an seandúine ag dul a fháilt bháis. Bhí an buachaill seo istigh a bhí ag rá is cuma cad é an stoirm a bheadh ann go rachadh seisean fá dhéin an tsagairt. D'fhiafraigh an seandúine de an rachadh sé fá dhéin an tsagairt dó. Dúirt sé go rachadh. Dúirt na buachaillí eile a bhí istigh nach rachadh siadsan leis, go raibh sé róstoirmiúil. Dúirt seisean go rachadh seisean é féin.

D'imigh sé amach is scaoil sé an bád. Chuaigh sé amach is bhí na tonnaí ag dul thaire le mullach an chrainn. Tháinig sé isteach go Málainn. Nuair a tháinig sé isteach d'fhág sé an bád ansin. Chuaigh sé go tigh an tsagairt. Chuaigh an sagart leis. Chuaigh siad síos go béal an phoirt. Nuair a chuaigh siad síos go béal an phoirt dúirt an sagart nach mbeadh siad ábalta dhul amach. D'fhiafraigh sé an raibh aon duine leis ach é féin. Dúirt sé nach raibh.

'Bhuel' arsa an sagart, 'cha dtiocfadh le bád ar bith a bhith beo ar an uisce leis an stoirm sin.'

Sheasaigh an sagart tamall agus thosaigh sé a dh'urnaíocha. Bhain sé an *stole* dena mhuineál is bhuail sé trí huaire ar an uisce é. Le sin bhí bealach mór ó bhéal an phoirt go dteachaigh sé isteach go Inis Trá Tholl. Bhí na tonnadh ar gach aon taoibh den bhealach mhór chomh hard leis na cnoic. Shiúil siad amach go Inis Trá Tholl. Nuair a bhí siad fríd leis an fhear shiúil an bheirt amach ar an bhealach mhór. Shiúil siad ar an bhealach mhór go dtáinig siad isteach go Málainn. Nuair a tháinig sé isteach bhuail an sagart an *stole* ar an uisce trí huaire. Chuaigh an bealach mór as a n-amharc faoin uisce. Dúirt an buachaill go rachadh seisean amach ar an bhád. Dúirt an sagart nach rachadh, nach dtiocfadh le bád ar bith a bhith beo ar an uisce leis an stoirm a bhí ann. Dúirt an sagart leis an bhuachaill ansin gur sin cáipéis a bhí seisean a chur air gan labhairt fá dtaobh de sin fhad is a bheadh sé beo ach go gcluinfadh sé fán tsagart bás a fháilt.

Agus bhí an buachaill thall i Meiriceá. Chuala sé go bhfuair an sagart bás. D'inis sé nach raibh focal bréige ansin, go raibh sé

chomh siúráilte is bhí aige sin bás a fháilt gur eisean an fear a bhí leis an tsagart amach go Inis Trá Tholl agus isteach.

25 'Tá an Diabhal Breá'

Bhí long taobh amuigh de Chionn Mhálanna agus bhí an stoirm éagsúil mór ann. Bhí an caiptín i gcónaí ag guí Dé iad a chur isteach sábháilte.

Arsa an seoltóir, 'Murach stada tú do ghuí le Dia báithfidh an Diabhal muid.'

'Cad é a déarfás mé?' arsa an caiptín.

'Abair,' ar seisean, 'go raibh Dia maith agus go raibh an Diabhal breá agus iad cuidigh linn suas an barra'.

D'fhoscail siad suas béal an bharra ansin. Chuaigh siad isteach.

'Anois,' arsa an seoltóir, 'ach ab é go dtearn tú ar iarr mé ort bheas muid uilig báite.'

'Creidim go mbeadh,' arsa an caiptín.
Chuaigh siad isteach sábháilte.

26 Muintir Mhaigh Eo a D'ith Gabhar Naomh Pádraig

Bean as Contae Mhaigh Eo agus bhuail sí isteach go tigh aint. Nuair a thiocfadh sí isteach déarfadh sí léithi,
'Muintir Chontae Dhún na nGall, d'ith siad an searrach.'
Cha raibh fhios aige an bhuachaill cad é le rá léithi.

D'fhiafraigh sé den aint cad é an réasún a bhí sí dona rá seo.

'Bhuel,' arsa an aint, arsa sise, 'gach dara lá abróchas sí sin leatsa abair léithi go bhfuil fhios agat gur ith siad an searrach ach má d'ith siad é, gur ith siad le díobháil é, chan dálta mhuintir Chontae Mhaigh Eo. Cha raibh díobháil orthu. Mharbh siad gabhar Naomh Pádraig – d'ith siad é le saint: ag éirí dófa lá arna mhárach cha raibh aon duine beag ná mór, sean ná óg, i gContae Mhaigh Eo nach raibh bog ar a dteangaidh, is cuma cén tír a rachas siad, agus beidh siad mar sin choíche.'

IV

Scéalta Faoin Fharraige



Radharc ar Iorras ón Mhám

27 An Bhá Mhór

Bhí Seán Mór agus a bhean thíos istráigh ag baint bairnigh. Chuaigh siad síos ionsar An Bhá Mhór. Bhí bairneach mór ag fásáil taoibh na creige. Dúirt Seán go bhfuigheadh sé ar a bhéal agus ar a shrón go mbainfeadh sé an bairneach. Dúirt a bhean nach rachadh sé dona chomhair, go raibh an bairneach sin ansin as cuimse léithise.

Bhí seiscan ar an chreig. Bhain sé an bairneach. Nuair a bhain sé den chreig é thit an bairneach isteach san uisce. Shín sé síos ina dhiaidh. Chuaigh sé síos ar mhullach a chinn. Báitheadh é. Chan fhuair siad é.

Lá arna mhárach bhí fear thíos ag cruinniú leathaigh. Bhí sé ina sheasamh aige béal na toinne, Port Bhaile Uí Néill. Chonaic sé sórt ínteacht insan uisce mar bhád beag bheadh ag tachrán. Thosaigh sé a dh'amharc air. Thosaigh sé a dhul amach. Nuair a chuaigh sé amach píosa thosaigh an bád a dh'éirí mór. Nuair a bhí siad taobh amuigh de na creigeacha bhí sé níos mó ná aon long cogaidh a chonaic sé riamh. Bhí na fir uilig ina seasamh ar bhord na loinge. Seán Mór ina gcuideachta agus iad uilig ag caint. Chuaigh an fear eile anonn chun na bport thiar a dh'inseadh do na fir eile cad é a chonaic seiscan – iad a theacht go bhfeicfeadh siad an long agus Seán Mór ar bhord na loinge.

Shiúil na fir thart fán tráigh ag coimhead na loinge go dtáinig sí fhad leis an Bhá Mhór. Thiontaigh sí thart. Tháinig sí aníos An Bhá Mhór. De réir mar bhí sí ag teacht aníos bhí sí ag éirí beag go dtáinig sí aníos go dtí an áitidh ar báitheadh Scán. Nuair a bhí sí abhus ansin cha raibh sí trí orlach ar fad. Chuaigh sí síos faoin uisce. Chan fhaca siad níos mó í.

Trí lá ina dhiaidh sin bhí fear thíos ag cruinniú leathaigh. Fuair sé Scán báite istigh i bPort Bhaile Uí Néill.

28 Pota aníos ó Thóin na Farraige

Amuigh idir Oileán Ghlaiscídí agus Mac a Húca bhí bád amuigh ag iascaireacht agus bhí siad ag fáilt iascaireacht bhreá – troisc agus dusaigh. Chaith fear amach a dhorú. Mhothaigh sé trom ínteacht air. Tharraing sé isteach í. Cad é a bhí leis ach pota miotail. Nuair a chonaic sé cad é bhí leis bhí sé suas go tosach an bháid. Scairt an fear a bhí ar an stiúir gan é a chorrú. Tháinig an fear a bhí ar an stiúir aníos agus bheir sé ar an phota. Thóg sé an trosc is fearr a bhí sa bhád. Ghlan sé é. Nigh sé é sa tsáile. Chuir sé isteach sa phota é. Chuir sé an tslat an phota aire dhuán. Lig sé amach é. Nuair a chuaigh sé faoin uisce tógadh an pota den duán.

Nuair a chonaic na fir seo chan fhanóchadh siad amuigh ag iascaireacht ar uacht nó ar acht. Tháinig siad isteach.

29 Scian a caitheadh le Toinn

Bhí fear as Baile Ó nDochartach. Bhí sé thíos ar an Tráigh Bhán ag baint feamnaí. Chuala sé tormán na dtonnadh ag teacht. Nuair a d'amharc sé thart bhí trí tonnaí móra ag teacht agus bhí fáinne mór dubh insa chéad tonn agus thiontaigh sé thart nuair a bhí sé ag teacht róchóngarach dó. Chaith sé an scian a bhí ina láimh ina dhiaidh isteach san fháinne dubh agus le sin shocraigh na tonnadh. Shiúil sé leis chun an bhaile.

Nuair a d'éirigh sé lá arna mhárach bhí fear ina sheasamh ag an doras. D'fhiafraigh sé dó an rachadh sé leis anall chun Na Tráighe Báine go mbainfeadh sé an scian as croí a iníonasan a chaith sé ina dhiaidh. Cha dtiocfadh le duine ar bith an scian a bhaint as croí a iníona ach an té a chuir isteach í. Eisean rí na síogaíonnaí agus sin a iníonsan. Bhí sí ag féacháilt le greim a fháilt airsean go mbeadh sé aici díthi féin. Dá dtiocfadh sé leis anois anall chun Na Tráighe Báine is an scian a bhaint as a croí go bhfuigfeadh sé é ar ais slán sábháilte i mBaile Ó nDochartach.

Chuaigh sé ar ais. Bhain sé an scian as a croí. Tháinig sé abhaile go Baile Ó nDochartach ar ais leis go rachadh sábháilte chun an bhaile.

30 Na Fir ón Long a Cailleadh ar Chreig na Súilí

Bhí fear ann am amháin i mBaile Ó nDochartach. Bhí sé ag dul anonn go Ros na Cille a cheannacht cráin mhuice, é féin is fear eile as an Líonán. Nuair a ghlac an fear seo a shuipéar d'imigh sé anonn go Líonán. Nuair a chuaigh sé anonn

bhí an fear sin tinn, cha dtiocfadh leis a dhul leis. Thosaigh siad a thabhairt comhairle air tiontú chun an bhaile is gan a dhul amach *Gap* an Mháma Mhóir leis féin. Dúirt sé nach dtiontóchadh sé, shiúladh sé leis. Chuaigh sé ar shiúl amach an *Gap*. Nuair a chuaigh sé suas fhad leis an Turas chonaic sé seachtar fear ag teacht anall taobh an chnoic. Chuaigh siad suas thaire leis. Char labhair siad. Char labhair seisean leofa. D'amharc sé thart. Chonaic sé fear eile ag teacht. Labhair sé leis an fhear sin. Labhair an fear leis. D'inis sé dó cá raibh sé ag dul: dúirt sé go raibh sé ag dul chun an aonaigh.

'Tá muidinne ag dul chun an aonaigh fosta,' arsa an fear eile leis. 'Ar chuala tusa iomrá riamh ar an long a cailleadh ar Chreig na Súilí?'

'Chuala,' arsa an fear, 'fiche *heat*.'

'Bhuel,' arsa an fear, 'bhí muidinne inar n-ochtar ar an long sin a cailleadh ar Chreig na Súilí.'

Bhí siad ag caint leofa ansin píosa suas an bealach mór. Nuair a bhí siad ar mhullach Dhroim na Croise thosaigh an coileach a scairtigh. An mhóimint a scairt an coileach d'imigh an t-ochtar agus cha raibh fhios aige cá dteachaigh siad.

31 An Fear a Chaith Seacht mbliana ina Rón

Chuaigh sé síos chun na tráighe a chuartú leathaigh agus bhí sé ag dul chuige béal na toinne. Bhí poll mór aige béal na toinne. Bhí *cowán* mór ina luí insa pholl. Chuir sé priocadh den ghracip ina thaobh. Léim an scandúine mór rua aníos as an pholl. Rith an buachaill ar shiúl ag screadaigh. D'iarr an fear air a theacht ar ais, nach mbainfeadh sciscan leis. Rith sé chun an bhaile. Thosaigh a athair is a mháthair a sccamhladóircacht air gan labhairt fá sin fhad is a bheadh sé beo.

Chuaigh siad amach a dh'iascaireacht agus bhí an buachaill seo ar an bhád. D'éirigh an stoirm agus chuaigh siad isteach go hOileán Thoraí. Rith na daoine uilig anuas ionsar an phort le iad a thabhairt chun an tí is an bád a tharraingt. Bhí siad uilig ina seasamh. Bhí seandúine mór ag teacht anuas ionsorthu. Bhí sé ag amharc ar an bhuachaill seo ar fad. Tháinig sé a chaint leis an bhuachaill.

'An bhfaca tusa mise riamh?' arsa seiscan leis an bhuachaill.

'Chan fhaca,' arsa an buachaill.

'Ó, maise, chonaic,' arsa seiscan. 'An bhfuil cuimhne agat ar an lá a chuir tú priocadh den ghracip insa rón thall in Inis Eoghain?'

'Chan fhuil,' arsa an buachaill.


'Tá,' arsa seiscan, 'cuimhne agat air. Tá mise ansin seacht mbliana. Ach ab é gur chuir tusa priocadh den iarann a rinneadh sa cheárta bheinn anseo go sea. D'fhéad mé a bhith ann choíche go dtairngeóchaí mo chuid fola le hiarann a rinneadh sa cheárta.'

Cha dtabhradh an buachaill isteach ar chos ar bith. Le sin scaoil sé a chuid brístí, thaispeáin sé dó trí priocadh den ghracip a bhí ina thaobh.

'D'fhuascail tusa domhsa le sin.'

V

Seanfhocail nó Rainn



An Líonán Caol

32 Mallacht a Cuireadh ar Bháillí

Bhí báillíonnaí tiarnaí dúiche ag dul thart ag tógáilt gach aon sórt a bhfuigheadh siad greim air. Thóg siad beartín mhór snáithe agus gréasán mór éadach olna ó bhean eile. Nuair a chuaigh siad ar shiúl agus a gcuid fir thosaigh na mná a mhallachtaigh ar an bháillí, ag guí Dé go mbrisfeadh sé a mhuineál shulamá rachadh sé amach *Gap* an Mháma Mhóir.

Nuair a bhí sé fá phíosá den Turas thosaigh an beathach ag éirí milmirteach agus leag sé an marcach. Marbhadh é. Dúirt siad ansin go raibh sé caillte. Ach tamall in éis é a bhith marbh thosaigh slat ghlas a fhás san áitidh ar marbhadh é. Nuair a bhí an tslat ag fás bhí na litreacha scríofa air:

'D'iarr sé grásta is fuair sé grásta
idir an stíoróip agus an talamh'.

33 An Fear a D'iompair a chuid Éanacha ina Phócaí

Bhí fear ann am amháin agus cha raibh duine aige ach é féin agus bhí sé i gcónaí ag obair le cearc agus éanacha. Cha raibh a dhath mine aige le tabhairt do na héanacha. Bhí píosa fada go leor go tigh an tsiopa. Cha raibh fhios aige cad é an dóigh a dtiocfadh sé chun an tí nuair nach raibh aon duine aige le aire a thabhairt do na héanacha go dtiocfadh sé ar ais. Smaoinigh sé an rud ab fhearr dó a dhéanamh, na héanacha a chur isteach i bpóca a chasóige is an chearc a thabhairt leis faoina ascaill. Shiúil sé leis. Chas fear dó ar an bhealach mhór.

'Cá bhfuil tú ag dul leis an chearc?' arsa seisean.

'Caithfidh mé a dhul fá dhéin mine do na héanacha. Tá mé ag dul a thabhairt aire dófa go dtigidh mé ar ais. Tá na héanacha liom i mo phóca.'

'A amadáin shalaigh,' arsa an fear, 'cad chuige nár chuir tú isteach i mbosca iad?'

'Ó, bhéarfaidh mé aire dófa níos fearr mar seo.'

Shiúil sé leis. Nuair a bhí sé píosa fada ar shiúl thosaigh an chearc a dh'iarraidh a fháilt ar shiúl. Bhí a lámh i gcónaí isteach sa phóca ar mhullach na n-éanacha. Thug sé amach a lámh as a phóca a dhul a chóiriú na circe faoina ascaill. Le sin léim ceann de na héanacha amach as a phóca. Rith an t-éan isteach faoin bhalla isteach fríd an chuibhreann.

Chaith sé an chearc uaidh ar an bhealach chuige na héin. Bhuail sé a chos ar thomóg feagacha agus thit sé ar a thaobh. Mharbh sé na héanacha uilig ina phóca. Chan fhuaire sé an t-éan. Chaill sé an chearc. Thiontaigh sé agus tháinig sé chun an bhaile. Chas an fear dó arís.

'Bhuel, a Éamainn, an bhfuair tú ar ais?'

'Fuair. Tá mé ag teacht go tuirseach, buartha: mharbh mé na héanacha is chaill mé an chearc.'

'Cad é an dóigh a dtearn tú sin?'

'Inseochaidh mé duit. Bhí an chearc ag dul ar shiúl orm. Lean mé an t-éan. Bhuail mo chos tomóg feagacha, thit mé ar mo thaobh agus mharbh mé na héanacha uilig in mo phóca.'

'Cluinim seo i gcónaí: "An té nach nglacann comhairle beidh cúradh orthu".'

34 'Ard Glam an Chaolchú Nuair a Chailleann Sé an Fia'

Bhí cailín ann i bhfad ó shin agus bhí beirt bhuachaill i ngrá léithi. Bhí níos mó grá aicise do fhear acu ná bhí don fhear eile. An fear a ba lú a raibh grá aici dó, thug sí isteach go bpósfadh sí é.

Chuir sí scéala ionsar an fhear eile am ar bith dá dtiocfadh seisean go rachadh sí leis. Rinne seisean réidh le dhul chun na bainse agus chastaí tábhairne air agus bhí spéis aige sa dram. D'fhan sé i bhfad ann agus nuair a chuaigh seisean bhí sise pósta.

Chuaigh sé go tigh na bainse agus bhí sé ag caitheamh trioblóide ansin. Dúirt cuid de lucht na bainse go gcaithfí é a chur amach. Dúirt seisean nach gcuirfí. Dúirt sise gurb é chun an tábhairne a bhí sé agus gur chaill sé ise lena mhallthriall agus gur ard glam an chaolchú nuair a chailleann sé an fia agus bhí cead cainte aige ceann caillte na himeartha riamh.

35 'Mar Toil le Dia a Bheas an Lá'

Bhí ministéir ann i bhfad ó shin. Bhí na fir ag obair, ag déanamh obair lae dó. Bhí sé lá amháin ag siúl chun an bhaile. Chonaic na fir é ag dul a dh'obair. D'iarr an bhean orthu dhul chun an bhaile, go ndéanfadh sé lá fliuch. D'fhill siadsan ar shiúl le dhul chun an bhaile.

Chas an ministéir orthu agus eiscan ag teacht chun an bhaile. D'fhiafraigh sé dófa cá raibh siad ag dul. Dúirt siadsan go raibh siad ag dul chun an bhaile, gur dhúirt a bhean go ndéanfadh sé lá fliuch. D'iarr seiscan orthu filleadh agus a dhul a dh'obair agus:

'Gan aird a thabhairt ar fheannóg ná fia
ná go bráth síoraí ar chaint mná.
Cib ar bith mar d'éireochadh an ghrian
mar toil le Dia a bheas an lá.'

VI

Seanchas Áitiúil



Fothrach Folaímh an Dúin

36 Cloch Thógálach

Cloch thógálach ar an Mhachaire Mhór a caitheadh ó mhullach Reachtain Mhóir ionsar an Mhachaire Mhór. Tá sí ar mhullach clochadh agus thig leat í a bhogadh.

37 Léim an Dochartaigh Mhóir

Léim sé ó mhullach Reachtain Mhóir go hArd an tSnaoisín. Léim sé as sin go dtí an Bhinn Mhór. Léim ón Bhinn Mhór go dtí an Lag Salach.

38 Meascán Mhéabha

Tá carnán cloch ar mhullach an chnoic a ngaireann siad Meascán Mhéabha di agus deir siad dá dtógfá cloch agus í a chur suas air nach raibh air, dá rachfá suas lá arna

mhárach go mbeadh sí tite anuas de; agus dá mbainfeá anuas cloch a bhí thuas air, ar mhullach an chnoic, go mbeadh sí thuas ar maidin nuair a rachfá suas. Tá pingin mhór ansin gach aon lá riamh ar a mhullach.


39 An Mulrúcháin

Ruigfidh sé an uibh san uisce. Tógfaidh sé í faoina sciathán. Cha ligcann sé amach í go dtigidh an t-éan amach as an bhlaosc.

VII

Ábhar Ilghnéitheach

Dún an Liónáin



40 Píobaire na Luchógaí

Rí a bhí sa bhaile agus bhí cuid mhór luchógaí ann. Bhí siad ag ithe na dtachrán sna cliabháin agus ag déanamh neadracha i hataí na bhfir. Dúirt an rí go dtabharfadh sé deich gcéad punt do dhuine ar bith a chuirfeadh ar shiúl iad. Cha raibh aon duine ábalta é a dhéanamh.

Bhí an rí ina shuí istigh ina sheomra lá amháin. Tháinig fear isteach ionsair. Shíl sé go raibh an fear cineál iontach. D'fhiafraigh sé de cad é a bhéarfadh sé dósan dá gcuirfeadh sé na luchógaí ar shiúl. Dúirt sé go dtabhradh sé deich gcéad punt do dhuine ar bith a chuirfeadh ar shiúl iad. Dúirt an fear go gcuirfeadh seiscan ar shiúl iad dá dtabharfadh sé deich gcéad punt dó. Dúirt an rí go dtabharfadh. Bhí píobacha crochta ar a bhrollach. Shiúil sé amach ar an tsráid. Thosaigh sé a shéideadh na bpíobacha. Rith na luchógaí amach ar an tsráid. Bhí siad ag leagadh na ndaoine ar an tsráid in éis an fhir.

Shiúil sé leis bealach béal na toinne. Nuair a fuair sé fhad le béal na toinne chuir sé iad uilig amach san fharraige. Tháinig sé ionsar an rí. D'iarr sé a chuid airgid. Dúirt an rí gur shíl sé gur leor cúig chéad dó. Dúirt seiscan go gcaithfeadh sé a mhargadh a fháilt: Chaithfeadh sé deich gcéad punt a fháilt. D'iarr an rí air a dhícheall a dhéanamh, an chuid is fearr is an chuid is measa a dhéanamh, agus a chuid píobacha a shéideadh go réabfadh sé iad.

Chuaigh sé amach ar an tsráid. Thosaigh sé a shéideadh na bpíobacha. Cha raibh aon tachrán sa bhaile mhór nár lean é. Shiúil siad leofa. Shíl siad go raibh sé ag dul dona mbáthadh sa toinn. Shiúil sé leis thart ar bhruach na toinne. Chuaigh sé suas le taoibh an chnoic. D'fhoscail sé an doras ar thaoibh an chnoic. Chuaigh siad uilig isteach. Druideadh an doras. Chan fhacthas aon duine acu riamh ina dhiaidh.

41 An Bata a Líonadh le hÓr

Fear a bhí ag dul thart ag cruinniú a chodach agus thiocfadh sé ionsar an tigh seo gach aon oíche agus cha luífeadh sé bealach ar bith ach amuigh i stábla an chapaill, tháinig sé isteach an oíche seo agus dúirt sé nach raibh sé go maith, go raibh sé tinn. Dúirt fear an tí leis nach rachadh sé amach anocht, go ndéanfaidh seisean leabaidh dó i dtaoibh an tí.

Chuaigh sé a luí. Cha raibh sé i bhfad ina luí nuair a scairt sé leis an fhear go raibh sé éagsúil tinn. Chuaigh an fear ar shiúl fá dhéin an tsagairt dó. Nuair a chuaigh an sagart ar shiúl dúirt sé leis an fhear go raibh seisean ag dul a fháilt bháis agus go raibh sé ag dul a fhágáilt cáipéise air a bhatasan a chur isteach sa *choffin*.

'Cad é tá tú ag dul a dhéanamh leis an bhata, nó cé a bhfuil tú ag dul a throid leis?'

Char labhair sé níos mó. Dúirt an fear go gcuirfeadh sé isteach an bata sa *choffin*. Nuair a fuair sé bás bhí dhá fhear as an bhaile istigh dona chur sa *choffin*. Arsa fear an tí, 'Caithfidh mé an bata a chur isteach sa *choffin*. D'fhág sé cáipéis orm an bata a chur isteach sa *choffin*.

'Cad é an fheidhm aige ar an bhata?'

'Tá, sórt ínteacht,' arsa seisean.

'Cá bhfuil an bata?' arsa an fear.

'Tá sé istigh sa leabaidh,' arsa fear an tí, 'an áitidh a bhfuair sé bás.'

Chuaigh an fear ionsar a bhata agus thóg sé é. Char mhó ná go raibh sé ábalta é a thógáilt. Bhí an bata éagsúil mór agus éagsúil trom.

'Tá sórt ínteacht sa bhata,' arsa an fear. Bhí ceann cruinn ar an bhata. Cha dtiocfadh leofa an ceann a bhaint de. Duine de na fir a bhí ag tabhairt thart ceann an bhata, ar deireadh bhain sé an ceann den bhata.

'Tá an bata seo folamh taobh istigh,' arsa seisean.

Bhuail an fear an bata ar an talamh. Thit céad giníocha óir amach ar an talamh. Bhuail sé arís é. Thit cuid mhór giníocha amach. Bhí siad uilig dubh. Nuair a d'iarr na fir ar fhear an tí an t-airgead a choinneacháilt dúirt seisean nach gcoinneochadh, go dtabharfadh sé don tsagart é. Dúirt sé go dtiocfadh leis é a thabhairt do dhuine ar bith a mbeadh a mhian air.

Chuir sé fá dhéin an tsagairt. Tháinig an sagart. Thug sé an t-airgead dó. Tháinig fear bratóg thart nuair a bhí an sagart istigh i dtigh an fhir seo. D'iarr bean an tí air theacht agus éadach an fhir a bhí amuigh ar an bhalla a thabhairt leis, dá mbeadh an mhian air.

Chuaigh seisean amach agus chuaigh an sagart agus fear an tí amach ina dhiaidh. Thosaigh sé a chroitheadh an éadaigh. Thosaigh an t-airgead geal agus puntaí a thitim as an éadach. Chroith sé amach deich bpunt is fiche. D'iarr an sagart ar fhear an tí eisean sin a choinneacháilt agus cib ar bith a gheobhadh fear na mbratóg san éadach é a choinneacháilt dó féin.

42 Beirt Sheirbhíseach Mná a Bhí ag Muintir Chromwell

I n aimsir *Cromwell* bhí a chuid fir thall ar an Bhinnín. Seirbhísigh a bhí a dheachair orthu. Rachadh siad suas go huachtar na hÉireann go bhfuigheadh siad seirbhísigh. Ach fuair siad dhá chailín. Bhí siad éagsúil cineálta dófa. Ach nuair a tháinig siad isteach thaispeáin siad seomra a gcaithfeadh siad codladh ann. Bhí siad éagsúil cineálta dófa ach bhí bean acu ina saighdiúir bhreá agus an bhean eile bhí eagla uirthi roimhe le gach aon sórt.

Dúirt na fir leofa go raibh siad ag dul ar shiúl ar cuairt míosa. D'fhág siad gunna agus claíomh acu agus nuair a chuaigh siad ar shiúl cha raibh duine acu ach an dá chailín iad féin, is dhá Chaitliceach a bhí sna cailíní.

Dúirt an bhean seo, an saighdiúir breá,

'Cad é an eagla a bheadh ort? Tá gunna againn agus tá claíomh againn agus uisce coisreactha agus cad é an eagla a bheadh ort?'

Chuaigh siad a luí. Cha dtiocfadh leis an bhean a raibh an eagla uirthi codladh nó suaimhneas a fháilt ar chos ar bith. Ach cha raibh siad i bhfad ina luí nuair a mhothaigh siad an tormán i lár an urláir. Léim an saighdiúir breá ina suí. Bhí solas aici. Chonaic sí an doras dá ligint síos ar lár an urláir. Léim sí ar a claíomh. Char fhan sí leis a cheann a chur aníos. Thug sí scuabóg den chlaíomh dó i dtaobh a chinn. Is le sin chuaigh sí ar ais agus druicadh an doras aníos agus char chodlaigh siad i rith na hoíche go maidin. Cha dtáinig na fir de chóir an tí go ceann tamaill fhada. Nuair a tháinig siad chun an bhaile bhí preasantas leofa do gach duine do na cailíní.

Cúpla lá in éis iad a theacht dúirt siad leis na cailíní a theacht amach go bhfeicfeadh siad an tír thart. Thug siad carr leofa.

Chuaigh siad isteach i gcoillidh mhór. Chuaigh fear acu le gach aon duine de na cailíní agus thosaigh siad a shiúl thart. An cailín seo a bhí ina saighdiúir bhreá, thug an fear a bhí léithi í thart uafa-san is chuaigh siad thart fríd an choillidh. Nuair a chuaigh siad síos píosa fríd an choillidh chuaigh siad síos ar chrann mór a bhí ann agus bhí poll bainte dhe aige bun an chrainn. Sheas an cailín ar bhruach an phoill.

'D'fhéadtá samhail cad é a bhfuil an poll sin fána choinne.'

'Tá,' arsa an fear a bhí léithi, 'fá do choinnesa?'

'Cad é a rinne mise ortsá le mise a chur ansin.'

Thóg sé an hata dena cheann. Thaispeáin sé sceilp a bhain sí amach de thaoibh a chinn.

Arsa sise leis, 'An ligfidh tú domh focal urnaí a rá shulamán gcuir tú isteach ansin mé?'

Dúirt sé go ligfeadh.

Sheasaigh seiscan ar bhruach an phoill ag amharc isteach sa pholl. Ina dhiaidh sin chuaigh sise ar a chúl, chuir a dhá láimh leis is chaith sí ar mhullach a chinn isteach sa pholl é. Nuair a chaith sí isteach sa pholl é chuaigh sí suas ionsar an bheirt eile is d'inis sí dófa cad é a rinne sí.

Tháinig sí chun an bhaile an oíche sin. D'imigh siad lá arna mhárach. Cha raibh maith dófa a dhul a chuartú cailíní ina dhiaidh sin, nó d'inis siad gach aon bhealach cad é d'éirigh dófasan.

43 Oidhre fá choinne Chaisleán an Rí

Bhí rí ann am amháin agus bhí triúr mac aige. Bhí caisleán ag gach aon duine acu agus caisleán dó féin. Bhí a mbeirt is sine amuigh ag cuartú mná ag dul a phósadh. Pósadh iad. Bhí siad tamall fada pósta. Cha raibh aon duine clainne acu.

Bhí an t-athair éagsúil buartha nach raibh oidhre aige fá choinne an tseanchaisleáin. Chuaigh sé ionsar a mhac óg ag iarraidh air a dhul amach agus bean a chuartú.

'Maise, cha dtéim,' arsa seiscan, 'amach a chuartú bean. Chuaigh mo dhá dheartháir amach. Chuartaigh siad thíos agus thuas. Fuair siad dhá bhean. Anois tá siad ina suí gach aon bheirt acu ina gcuid caisleán mar bheadh dhá shamhail, duine acu ina shuí ar gach aon taoibh den tinidh. Níl aon duine acu le corraí a chur orthu. Níl aon duine acu le gáire a bhaint astu.'

'Agus téigh thusa amach agus cuartaigh bean!'

'Cha dtéim,' arsa an mac. Bhí an t-athair éagsúil buartha.

'Bhuel, tá mé ag dul a phósadh,' arsa an mac. 'Nuair a chífear mise na cailíní ag dul thart an bealach mór druidfidh mé mo chuid súileadh, rachaidh mé amach, an chéad chailín a gheibheas mé pósfaidh mé í.'

Shíl an t-athair gur ag magadh a bhí sé. An Domhnach ina dhiaidh sin bhí sé amuigh ar mhullach an chaisleáin ar bharr mór. Chonaic sé triúr cailín ag teacht anuas an bealach mór. Tháinig sé anuas. Chuaigh sé amach ar an bhealach mhór. Dhruid sé a chuid súileadh. Shiúil sé leis. Thosaigh na cailíní a gháirí nuair a chonaic siad an rí óg ag teacht agus a chuid súileadh druidte. Nuair a tháinig sé cóngarach dófa shín sé amach a dhá láimh. Fuair sé greim ar bhean acu.

'Tá tú agam anois. An bpósfaidh tú mé?' arsa seiscan.

'Pósfaidh,' arsa sise.

'Siúlaigí libh!' arsa seiscan.

Chuaigh siad isteach go tigh tábhairne i gcois an bhcalaigh mhóir. Thug sé a sáith le hithe agus a sáith le hól dófa. Nuair a bhí sé ag imeacht thug sé buidéal uisce beatha leis. Nuair a chuaigh siad amach, arsa seiscan, 'Tá mise ag dul go tigh d'athara anois.

'Tá fáilte,' arsa sise.

Chuaigh siad isteach. Bhí fáilte mhór ag an athair agus an mháthair nuair a tháinig an rí óg isteach. Tharraing sé amach an buidéal uisce beatha.

'Éirigh,' arsa seisean leis an athair. 'Cuir seo thart! Tá mise ag dul a phósadh d'inínesa.'

Bhí sin níos fearr ansin. Pósadh iad lá arna mhárach. Nuair a chuala an t-athair go raibh sé pósta ar chailín as an chomharsain cha labharfadh sé leis agus cha rachadh sé dona chomhair. Bliain ón am ansin tháinig fear ar dhroim beathaigh a dh'inseadh dó go raibh dís chlainne ag an mhac. Nuair a chuala sé go raibh oidhre aige chan fhanóchadh sé lena chuid éadaí a fháilt air go n-imeochadh sé go bhfeicfeadh sé na leanbaí. Tháinig sé chun an bhaile ansin.

Nuair a bhí an bhean ábalta a theacht chuaigh sí ar shiúl le cóiste. Thug sé an bhean is an dá leanbh leis chun an bhaile ionsar a chaisleán féin. Nuair a tháinig sé chun an bhaile thug sé isteach a iníon. D'fhág sé ar ghlúiní an tseanbhuachalla í.

'Sin oidhre fá choinne do chuid airgidsa.'

Chuaigh sé amach ansin. Thug sé isteach an mac. Choinnigh sé ar a chuid glúiní é.

'Seo oidhre fá choinne mo chaisleáinsa.'

Choinnigh sé an bhean is an dá leanbh. Cha ligfeadh sé dófa a dhul chun an bhaile. Choinnigh sé iad ina chaisleán féin.